
# IORRAS AITHNEACH 92

*Cuntas ar cheantar Chill Chiaráin agus Chárna Paróiste Mhuighrois*

*Cuid De*

## Foras Feasa ar Iorras Aithneach 1990 - 2000









*Foilsithe ag Cumann Forbartha Iorras Aithneach*

*Mí na Nollag, 1992*

# Comharchumann Chonamara Thiar Teo.

Cill Chiaráin
Fón: 095-33436. Facs: 33413

• Stór – veain go doras •

• Siopa – díol mór éadaigh an Nollaig seo •

• Lotto – £140,000 + buaite go dtí seo •

• Clár Leader •

• Pléaráca Chonamara •

• Coiste Cabhrach – othar-charr •

• Turasóireacht Chonamara agus Árann •

• Turasóireacht Iorras Aithneach •

• Feachtas na nEaspag •

• Staidéar na gCuanta – TCA/Clár Leader •

• Scéimeanna SES •

• Coiste Timpeallachta •

• Seirbhís Tús-Gnó – saor in aisce •

• Cabhair Phobail – iarratais, clárúcháin, foirmeacha, scéimeanna, deontais •

EAGRAÍOCHT PHOBAIL – DON PHOBAL

*Beannachtaí na Nollag*

## *Go mbeannaí Dia dhaoibh*

Tá muid teannta isteach i ngearrógaí beaga na Nollag arís agus é in am súil a chaitheamh ar an mbliain atá ag sleamhnú uainn ins na cosa in airde anois. Arís, tugann muid léargas dhíbh ar chuid d'ócáidí agus d'obair na bliana seo agus tá figiúirí daonra, oibre, vótála agus aimsire curtha le chéile againn. Chomh maith leis sin, tá cuntas againn ar na daoine a rugadh agus a baisteadh sa bpobal, ar na daoine a phós agus orthu siúd a d'imigh uainn freisin. Beannacht Dé leo.

Tá tionscamh nua fógraithe againn anois agus beidh muid ag leanacht leis an obair seo ar feadh na mblianta go dtí deire an chéid. Tá grúpa an-mhaith daoine tagtha i gcleachtadh ar na cuntais bhliantúla seo anois agus tá an obair atá déanta acu luachmhar agus ina dhíol spéise cheana féin. Deich mbliana ó inniu, beidh sé níos luachmhaire agus níos spéisiúla fós.

Cé go bhfuil dul chun cinn déanta le blianta beaga anuas, agus bhí na daoine atá ins an gCumann seo istigh ina lár agus ina gceannródaithe air, tá go leor eile le déanamh ins an bparóiste seo.

*Ach thar rud ar bith eile, caithfidh muid a bheith san airdeall sa bparóiste seo go gcoinneoidh muid na jabanna atá ann anois - é sin ar dtús agus cur leo ansin. Dá dtarlódh sé go gcaillfí jabanna sa bparóiste seo agus go mbeadh cúrsaí jabanna go dona, ní bheadh sna hirrachtaí forbartha eile ach sopanna in áit na scuaibe. Tá brú ar thionscail ar bhealaí go leor agus níl muide slán. Níor mhór* dúinne *agus do dhream ar bith eile atá ag iarraidh an áit seo a chur chun cinn, jabanna agus obair a choinneáil ar bharr an liosta i 1993.*

Guíonn muide, baill Chumann Forbartha Iorras Aithneach, Nollaig Mhaith Oraibh agus go mba fearr a bheas an paráiste agus gach a gcónaíonn ann bliain ó inniu.

AN CLÚDACH

| | |
|---|---|
| Obair: | Maitiú Ó Maoilchiaráin ag deisiú eangach. |
| Oirdniú: | An tAthair Pádraig Ó Nidh in éineacht le Ard Easpag Thuama, an Dr. Seosamh Ó Casaide an lá ar oirníodh ina shagart é – 14/6/1992. |
| Ómós: | Pat Walsh as Caladh bhFuinnse, an ceannaire ceardchumainn i mBoston agus Méara Bhoston, Ray Flynn ag déanamh comhgháirdeachais leis an oíche ar tugadh ómós dó i mBoston – 23/10/1992. |
| Óg agus Sean!: | Helicaptar ag cur síol bradán síos ar thrá Chaladh bhFuinnse do chomhluchtaí Éisc Uí Fhlatharta agus Emerald. |
| | Currach ina suí go suaimhneach ar an trá. |

Eagrú na hIrise seo

Siad Seosamh Ó Cuaig agus Máirtín Ó Catháin a rinne an obair eagrúcháin ar an iris seo. Glacann siad buíochas le baill an Chumainn agus le chuile dhuine a thug cúnamh leis an iris seo.

## Foras Feasa ar Iorras Aithneach

Fógraíonn Cumann Forbartha Iorras Aithneach an tionscnamh seo faoi lán tseoil anois. Is é atá i gceist ná cuntas a choinneáil ar imeachtaí an phobail idir seo agus an bhliain dhá mhíle. Cheana féin, tá cuntas fáighte, idir fhigiúirí agus míreanna eolais eile ar na blianta 1990 agus 1991. Foilsíodh bun-eolas go leor in "Iorras Aithneach '90" agus foilsíodh figiúirí agus eolas do 1991 i nuachtlitir Nollag anuraidh. Tá eolas na bliana 1992 bailithe anois agus dá phriondáil ins an bhfoilseachán seo. Tá rún againn anois an obair seo a choinneáil ag imeacht go dtí an bhliain 2000. Tá grúpa mór go maith daoine goite i gcleachtadh ar an obair anois agus tá an córas soiléirithe.

Beidh a leithéide seo de chuntas an-tairbheach agus an-spéisiúil. Go deimhin, beidh an t-eolas a thabharfaidh sé ina dhíol spéise i bhfad is i ngearr.

Coinníodh muid leis an obair agus le cúnamh Dé, is deá-scéala a bheas le'n insint de bharr Foras Feasa Iorras Aithneach.

**Ó Cualáin Teo.**

**CÁRNA**

*le haghaidh Tolladh agus Bleaisteáil*

**Crumpán,**
**Cárna**
**Fón: (095) 32263**

# gael-linn

26 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2.
Teil: 01-767283. Faics: 01-767030.

## *Ceirníní don Nollaig*

MARY BERGIN FEAGÓGA STÁIN 2

Glactar leis go coitianta go bhfuil an chéad taifead a rinne Mary Bergin ina bharrshamhail i réimse an cheoil thraidisiúnta. Ar an dara taifead seo, cloíonn Mary leis an bhfoirmle chéanna a rinne seoid dá céad albam - scoth an cheoil agus é ag teacht ó íochtar croí.

ÁINE UÍ CHEALLAIGH IDIR DHÁ CHOMHAIRLE

As traidisiún amhránaíochta Chúige Uladh a eascraíonn na hamhráin Bhéarla atá ar an taifeadadh seo agus lonnaithe go láidir i nGaeltacht na Rinne atá na hamhráin Ghaeilge.

MICHAEL COLEMAN 1891 - 1945

Bhunaigh ceirníní Michael Coleman, a eisíodh i Meiriceá idir 1921 - 1936 caighdeáin nua foirfeachta i seinm an fhidil agus ghnóthaigh siad buanionad dó mar an té ba mhó a d'imir tionchar ar cheol na hÉireann san 20ú haois. Tá athmhaisteacht déanta ar 48 dtraiceanna ó cheirníní 78 Coleman ar dhá dhiosca san eisiúint nua seo.

GRÁINNE YEATS FÉILE CRUITIRÍ BHÉAL FEIRSTE 1792

Péire dlúthdhiosca ar a bhfuil 42 amhrán agus dréacht ceoil de chuid mórchruitirí/cumadóirí na 16 -18ú aoise. Diosca iomlán ann de cheol Thoirbhealbhaigh Uí Chearbhalláin.

PÁDRAIG MAC MATHÚNA BLAS NA MEALA

'Aisling Gheal' agus scothdhréachta eile ó phíobaire óg cumasach. Ina theannta Seán Keane, Nollaig Ní Chathasaigh, Noel O'Grady, Seán Ó Loinsigh, Henry Benagh, David James, a dheartháir Ciarán, a dheirfiúr, Deirdre.

PAUL BROCK MO CHAIRDÍN

Tá seinm Paul Brock bunaithe ar stíl na seancheoltóirí bosca, John Kimmel, Joe Devane, Paddy O'Brien, Joe Cooley. Ina theannta ar an diosca, Manus McGuire, Maeve Donnelly, Christy Dunne, Carl Hession.

NA CASAIDIGH 1691

Léiriú ceoil ar Chogadh an Dá Rí in Éirinn agus ar ról laochais Phádraig Sáirséil.

CEIRNÍNÍ GAEL-LINN

26 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2.
Tel: 01-767283

# Sagart as Caladh bhFuinnse



Ar an 14ú lá de Mheitheamh, 1992 a hoirníodh Pádraig Ó Niaidh as Caladh bhFuinnse, Cárna ina Shagart i dTeach Pobail Chárna. Sé Ard Easpag Thuama, An Dochtúir Seosamh Ó Casaide a d'oirnigh an tAthair Ó Niaidh ina Shagart. Tá an tAthair Ó Niaidh in Ord na gCairmilíteach agus tá sé i mbun dualgaisí Sagartóireachta anois i bparóiste Theach Pobail Bhóthar Bherkeley atá gar do cheartlár Bhaile Átha Cliath.

Bhí a mháthair, Nan agus a dheartháireacha agus a dheirfiúracha uile sa mbaile don ócaid. Bhásaigh a athair, Seán i 1985. Beannacht Dé lena anam. Guíonn muid rath ar an Athair Ó Niaidh ina shaol mar shagart.

Sa bpictiúr: Muintir Uí Niaidh agus Ard Easpag Thuama, lá an oirnithe ........ Líne cúil (ó chlé): Micheál, Nóra, Ciarán, An tArd Easpag Ó Casaide, Ann, John, Bríd agus Peige. Líne tosaigh (ó chlé): Mary, Nan Bean Uí Niaidh, An tAthair Padraig Ó Niaidh agus Joe.


# ATLANTIC EXPRESS

**Comhlucht Courier Tommy Walsh**

Cárna-Conamara-Gaillimh-Clochán-Ros Muc
Seirbhís scioptha in aon lá amháin

*Fón sa Van: (088) 569907*
*Fón i gCárna: (095) 32347*

## Gníomh don Phobal - Cumann Forbartha Iorras Aithneach

I rith na bliana 1992 bhí baill an Chumainn seo fite fuaite agus ina gceannródaithe ar obair fhorbartha pobail ins an bparóiste seo. Tá an Cumann féin bunaithe ar an gCoiste Timpeallachta a bhíodh ann. Tá Rannóg Timpeallachta fite fuaite ins an gCumann anois. Seo léargas gairid ar chuid den obair:

* *Na Reiligeacha:* Nuair a bhí sé soiléir go raibh reilig Mhuighrois i gcontúirt mhór ón bhfarraige, dhírigh an Cumann seo go láidir ar an gceist. Le obair chrua stuama, d'éirigh linn comhoibriú na Comhairle Contae agus Roinn na Gaeltachta a fháil agus tá an obair dá déanamh anois ar sconsa na reilige. Chuir muid cás Reilig Mhuigh Inse chun cinn agus tá sé geallta duinn go ndéanfar obair ansin freisin.

* *Bóithre Áitiúla:* Bhunaigh an Cumann ceangal foirmeálta leis an Innealtóir áitiúil agus cuireadh cás na mbóithre bailte, tránna agus reiligeacha i láthair Roinn na Gaeltachta agus Roinn na Turasóireachta. Seo iad na bóithre atá le déanamh faoi scéim Roinn na Gaeltachta agus a fógraíodh le gairid; bóthar na reilige i Muighros; bóthar na reilige i Muigh Inis; bóthar an Mheall Rua; an bóthar ag Tí Oibicín i dtreo an Trá Mhóir i Muigh Inis; bóthar Thobar Muire i Ruisín na Mainíoch; an bóthar suas chomh fada le Tigh Bholger ar an Áird Mhóir. Is dul chun cinn é.

*Tá roinnt bóithre bailte eile atá an-dona. Tá muid ag fiach ar an gComhairle Contae fúthu sin anois.*

* *Bóithre Réigiúnacha agus Contae:* Sé an bóthar ó Inbhear go Cill Chiaráin go Cárna don Chaiseal agus go Sraith Salach an bóthar réigiúnach thart anseo. Siad na bóithre thimpeall an Choillín, Mhuighrois agus Leitir Ard agus bóthar Mhuigh Inse na bóithre contae. Tá iarrachtaí móra déanta againn ar bhealaí éagsúla - teangbháil leis na Comhairleoirí, le Teachtaí Dála agus leis na hInnealtóirí. Coinníonn ár bhfear i nGaillimh, an Ceannfort Maitias Mac Donncha súil ghéar ar an scéal ansin. Rinneadh beagán líonadh ar sclaigeanna i Leitir Ard agus i Muigh Inis le gairid. Sé an beagán é, ach rinne muid a ndícheall leis an méid sin a fháil déanta chúns bhí oibrithe na Comhairle Contae ar an mbóthar mór ag obair.

*Beidh sé deacair mórán dul chun cinn a dhéanamh ar na bóithre sin i 1993. Ach, tá córas teangbhála bunaithe againn leis na h-innealtóirí, rud a dhéanfaidh roinnt leasa. Beidh muid ag braith ar chúnamh na gComhairleoirí nuair a roinnfear an sparán is téagaraí.*

* *Obair agus Jabanna:* Iarradh ar iarrthóirí an toghcháin i nGaillimh Thiar tacú leis an obair agus leis na príomh thionscail anseo .... an fheilméireacht éisc go mór mhór. Bíonn baill an Choiste i gcónaí ar an airdeall faoi chúrsaí oibre. Is mór an dul chun cinn é an scéal a tugadh dúinn go bhfuil Údarás na Gaeltachta ag dul ag tógáil réamh-mhonarca nua i Ruisín na Mainíoch. Bhí sé sin ar cheann de na hiarratais a bhí sa bplean forbartha agus fostaíochta don cheantar seo a d'ullmhaigh Cathaoirleach an Choiste seo. Bhí scéim ionaid fhiontraíochta/seomra oibre ar cheann eile de na moltaí sin agus bheadh sé go maith don phobal.

* *Tránna:* Glanadh na tránna agus tugadh cuntas don Chomhairle Contae. Déanadh réamh-obair ar mhaithe le iarratas ar 'Blue Flag Beach' do Chaladh bhFuinnse. Tá an t-iarratas chuig an gComhairle Contae curtha isteach anois.

* *Glanadh Timpeallachta:* Tosaíodh scéim i gcomhar le Galway Metal Company le sean charranna a thabhairt chun bealaigh. Go háitiúil, tá an scéim á riaradh faoi scáth Chomharchumann Chonamara Thiar agus nuair a bheas dóthain ábhair ar fáil, crochfar na carranna chun bealaigh. Tá aitheantas Chomhairle Contae na Gaillimhe ag an scéim seo.

## FICHE BLIAIN AG FÁS



Rinne Raidió na Gaeltachta ceiliúradh ar a bhunú fiche bliain ó shoin le linn na bliana seo, 1992. Ach an oiread le pobail eile Gaeltachta, tá an-leas déanta ag Raidió na Gaeltachta don phobal seo agus, ar a shon sin, tá ábhar don chéad scoth tugtha ag an bpobal seo don Raidió freisin. Guíonn muid deá-rath ar fhoireann an Raidió agus ar an tseirbhís.

Mar a tharla sé, ba as an bparóiste seo í an tAire a bhí freagrach as cúrsaí craoltóireachta sa tír seo nuair a bhí an phríomh chuid den cheiliúradh ar siúl. Ceapadh Máire Geoghegan -Quinn, T.D. ina hAire Iompair, Turasóireachta agus Cumarsáide i Rialtas Albert Reynolds san Earrach.

Sa bpictiúr seo a tógadh i Stiúideó Raidió na Gaeltachta i gCasla ar lá an cheiliúradh i Mí an Aibreáin, tá an tAire Máire Geoghegan-Quinn faoi agallamh ag Pól Mac Donncha.

# Tionscnamh ag Halla an Phobail

*I Mí Iúil, 1992 tugadh léargas poiblí ar phlean forbartha ar shuíomh an Halla Pobail i gCárna. 'Cliabhán an Chultúir' a baisteadh ar an bplean an uair sin. Sé Cathaoirleach Chumann Forbartha Iorras Aithneach, Máirtín Ó Catháin, a cheap an phlean amach an chéad lá ariamh. Tugann sé míniú anseo ar an tionscnamh seo agus ar an bhfealsúnacht a bhí ag baint leis.*

'The Cárna Project' an chéad teideal a bhí ar an bplean forbartha ag suíomh an Halla. Cuireadh isteach creatlach an phlean ar dtús ina iarratas ar airgead as Cistí Eorpacha a mbíodh trácht orthu ó ham go chéile. Níor tháinig aon airgead astu ach bhí an cineál lár-ionad don cheantar a raibh mé ag leagan béime air ag éirí níos soiléire. B'í an aidhm ná go mbeadh an fhorbairt a bhí mé a tharraingt anuas ina háis shóisialta, spreagadh oibre, oideachais agus turasóireachta. Bhí an sean-mhúnla halla as dáta agus bhí níos mó ná sin ag teastáil.

I Márta na bliana, 1991, chur mé Plean Fostaíochta agus Forbartha do phobal Chárna i dtoll a chéile. Bhí staidéar cruinn go maith déanta ar fhostaíocht sa gceantar agus i ndeire na tuarascála, bhí chúig cinn de mholtaí - Ionad Fiontraíochta/Seomraí Oibre ina measc. Pléadh na moltaí sin le ionadaithe Údarás na Gaeltachta faoi dhó as sin go ceann ráithe.

I lár an tSamhraidh 1991, bhí comhlucht Charrolls ag fágail na háite seo agus i gcomhar le Údarás na Gaeltachta rinneadh teangbháil le Carrolls i mBaile Átha Cliath faoin scéim a bhí ceaptha amach .......... an rud a cuireadh in iúl do fheidhmeannaigh Comhphobail mar 'The Carna Project'. Thuig mé gurbh fhiú leanacht ar aghaidh leis an iarratas ar chúnamh agus sheas an tÚdarás go daingean liom agus leis an gceantar.

Lean an obair ar aghaidh go Fómhar agus ar an 27ú Méan Fómhair in Oifig Údarás na Gaeltachta scríobh mé an bhun-phlean don scéim arís - é athraithe roinnt, méadaithe agus curtha i bhfeiliúint do na haidhmeanna a luadh thuas. Bhí os cionn 25 leathanach prionda ins an iarratas sin. Níos deireanaí, d'ullmhaigh Údarás na Gaeltachta leagan giortaithe den phlean.

Lá arna mhárach, bhí mise ar mo bhealach go Meiriceá. Ach, bhí cúrsaí goite chun cinn chomh mór sin agus gur choinnigh mé teangbháil le cúrsaí sa mbaile chúns bhí mé ins na Stáit Aontaithe - beagnach mí. Chúns bhí mé ansin, chuir mé Roinn na Gaeltachta ar an eolas faoin scéim i gcáipéis eolais.

Lean an chaint agus an chumarsáid ar aghaidh i Mí na Samhna. Mí na Nollag, 1991 i mBaile Átha Cliath bhí cruinniú agam le ceannasaí airgeadais chomhlucht Charrolls, an tUasal Cecil Hayes. B'é seo an chéad theangbháil dhíreach áitiúil leis an gcomhlucht faoin bplean seo. B'fhacthas dom gur éirigh go maith leis an gcruinniú.

I Mí Eanáir, 1992 lean an obair ar aghaidh agus



*Máirtín Ó Catháin – sé a cheap amach agus a rinne an bhunobair ar an scéim ag Halla an Phobail i gCárna.*

socraíodh cruinniú tábhachtach gar do dheire na míosa sin. Chuaigh an tAthair Pádraig Audley agus Máire T. Uí Chuinneagáin i mo chuideachta go dtí oifigí an Údaráis áit ar chas muid leis an Uasal Cecil Hayes ó chomhlucht Charrolls. Chur mise an cás i láthair thar cheann na háite seo. Thacaigh an tÚdarás go láidir linn.

I dtús an Earraigh, 1992 shocraigh Coiste Forbartha Chárna go bhfágfaí an obair ullmhúcháin agamsa agus ón uair sin ar aghaidh bhí plé agam le:

1. *na cearta taisitil isteach chuig an suíomh tógála;*
2. *úinéireacht agus stádas dlí an tsuímh;*
3. *cómhráití le B.S.L. faoi chóras cumhachta;*
4. *cómhráití le Telecom faoi chóras teileafóin;*
5. *cómhráití le daoine áitiúla a raibh a gcuid talún ag bordáil ar an suíomh.*

Bhí dul chun cinn i chuile chuid den obair.

I Mí na Márta, chas Maitias Mac Donnchadha, an Dr. Micheál Ó Cathasaigh agus mé féin leis an Aire

Iompair, Cumarsáide agus Turasóireachta, Máire Geoghegan-Quinn le í a chur ar an eolas faoin scéim agus a tacaíocht a iarraidh. Ina dhiaidh sin, cheap mé amach an cineál córas bailiúcháin don chuid áitiúil don airgead agus phlé mé an cás leis an dlíodóir. Níos deireanaí réitigh mé dréacht de rialacha comhluchta a dhéanfadh riarachán ar an obair.

Lean an teangbháil ar aghaidh le Ranna agus áisíneachtaí Stáit agus le dreamanna eile. Cuireadh Bord Fáilte ar an eolas. I gcomhar le Maitias Mac Donnchadha, bunaíodh an scéim 'Cárna i gCéin agus i gCóngar'.

Thaisteal mé chuig cruinnithe go leor leis an scéim a phlé le comhluchtaí a dhéanfadh staidéar féidireachta ar an scéim. Ceapadh ceann acu i Mí Bealtaine. I Mí Bealtaine freisin, chas mé le rúnaí chomhlucht P.J. Carrolls i mBaile Átha Cliath agus thug sé £8,000 dom ar mhaithe le costaisí staidéir ar an scéim. Cuireadh an t-airgead sin i gcuntas an choiste sa gClochán. D'ullmhaigh mé an t-iarratas ar dheontas staidéir féidireachta ón Údarás. Ceadaíodh an deontas sin – uasmhéid £5,000 a bhí i gceist.

Thart ar an am sin freisin, chur mé brú láidir in athuair go gcuirfí an scéim a lua mé ar dtús - 'Ionad Fiontraíochta/Seomraí Oibre isteach sa scéim agus go mbeadh sé ins an áireamh sa staidéar. B'fhacthas dom gur éirigh leis an iarracht sin.

I dtús Mhí Meitheamh, d'éirigh mé as Coiste Forbartha Chárna agus chríochnaigh mo chuid oibre ar an scéim. Bhí an bhun-obair déanta. Ina dhiadh sin, cuireadh cóir níos néata ar an Halla agus seoladh an scéim go hoifigiúil i Mí Iúil. Tuigim go bhfuil airgead á bhailiú go háitiúil don scéim le cúpla mí anuas. Luadh figiúirí chomh hard le cheithre chéad caoga míle punt don scéim uile. Bheadh athraithe le déanamh anonn is anall, ach sin scéal eile.

Ba mhaith liom a rá gur thug Údarás na Gaeltachta an-tacaíocht don phlean. Bhí an Príomh Fheidhmeannach, Ruán Ó Bric ag tacú go láidir agus b'amhlaidh cás do Mháirtín Ó Conghaile, Sorcha Nic Dhonncha, Pádraig Ó hAoláin agus do Thadhg Ó Conghaile. Sin é a chonaic mise le linn na haimsire sin uile. B'fhurasta a dhul chun cainte le Pádraig Ó Beaglaoich i Roinn na Gaeltachta agus thug sé an-chomhoibriú. Bhí daoine eile in eagraíochtaí Gaeltachta go maith freisin. Thagair mé do Fheidhmeannaigh an Údaráis agus caithfidh mé a rá go raibh comhaltaí an iarthair, an dream is mó a mbíonn plé againn leo ag leibhéal boird, go maith freisin.

Níor chuir comhlucht Charrolls ó dhoras muid; a mhalairt go deimhin. Fanann na haidhmeanna mar a bhí siad, deiseanna oibre, oideachais agus forbairt shóisialta a chur ar fáil ionas go bhfanfaidh an croí sa bpobal agus go mbeidh deis ag níos mó daoine óga fanacht anseo más é sin a rogha féin.

---


# FORUM

Tá 'Forum', eagraíocht atá ag obair i gcomhar le coistí deonacha, eagraíochtaí Stáit agus dreamanna príobháideacha ag gníomhú in Iar-Thuaisceart Chonamara. Tá an phríomh-oifig i Leitir Fraic.

Tá ár n-áird dírithe ar chúig ghrúpa -

*Daoine atá ag éirí aosta*
*Daoine Óga*
*Daoine atá gan obair*
*Mná agus Coistí Deonacha*

*Guíonn muid dea-rath oraibhse i gCárna.*
*Is comharsanaí muid anseo i gConamara.*

**Forum** - an Eagraíocht Fhorbartha Tuaithe d'Iar-Thuaisceart Chonamara.

# *Bhailigh Scoil Phobail Mhic Dara, Cárna £1,200 do Somalia*



Bhronn scoláirí na ceathrú bliana, Scoil Phobail Mhic Dara, Cárna, seic £1,200 ar an eagraíocht charthanachta, World Vision, Dé hAoine an 20ú Samhain.

D'eagraigh na scoláirí, níochán carranna agus siúlóidí chun an t-airgead a bhailiú do oibreacha World Vision i Somalia, áit a dtugann an eagraíocht solátharacha bia agus leighis do ós cionn 3,000 duine i gceantar Baidoa, an áit a dtug an tUachtarán Mhic Róibín cuairt an mhí seo caite.

De réir na Náisiún Aontaithe, tá 300,000 de phobal na Somáile, an chuid is mó acu gasúir, taréis bháis le ocht mí dhéag anuas. I mBaidoa amháin, faigheann seachtú duine bás chuile lá le ocras nó tinneas. An mhí seo caite, cailleadh dhá chéad duine ar an meán chuile lá. Tá tuismitheoir amháin ar a laghad caillte ag níos mó ná leath de ghasúir Baidoa atá sna campaí bia agus cuid mhaith acu a bhfuil an bheirt thuismitheoir caillte acu.

Dáilíonn World Vision unimix, béilí atá an-árd i bpróitín, plúr, ola agus siúcra ar mhuintir na Somáile. Tugtar púdar bainne do na gasúir laga agus thug Rialtas na hÉireann síntiús de £40,000 chun an bia seo a iompar do World Vision na hÉireann.

Cosnaíonn sé £6.25 sa mí, gasúr i Somalia a bheathú ar feadh míosa, a dúirt Thora Mackey ó World Vision nuair a bhí sí ag glacadh leis an seic £1,200. Mar sin rachaidh iarracht na scoláirí píosa fada le beatha na ndaoine seo a shábhailt.

Scoil Phobail Mhic Dara, Cárna - £1,200

Rinne Príomhoide na scoile - Roibeárd P. Ó hÉalaí, comhgháirdeachas leis na scoláirí as an iarracht iontach seo agus dúirt sé go raibh sé bródúil astu as an éacht fiúntach seo.

Sa bpictiúr: An ceathrú bliain i gCárna agus Máire T. Uí Chuinneagáin, múinteoir.


**STANLEY & SON**

*Clochán* 095 - 21039

TOGHA SIOPA ÉADAIGH

**Earraí olna, Línéadach agus Criostal Éireannach.**
**Earraí iascaireachta agus Spóirt agus neart eile freisin**

Is cairde linn iad muintir phobal Chárna le fada an lá

*Nollaig mhaith dhíbh uile*

# Gradam Náisiúnta don Dochtúr Ó Cathasaigh



*An Dochtúr Micheál Ó Cathasaigh, Cárna - Gradam Mór Náisiúnta.*

I Mí na Samhna, tugadh gradam mór Náisiúnta don Dochtúr Micheál Ó Cathasaigh, Dochtúir Chárna, as ucht an staidéir a rinne sé ar an leas a baineadh as an othar charr pobail anseo.

Tugtar an gradam seo ar staidéar ar ábhar nua agus caithfidh sé a bheith déanta ar bhonn eolaíochta. Roghnaigh an Dochtúr O Cathasaigh an dá bhliain tosaigh de sheirbhís an othar chairr, sin ó Aibreán 1990 go dtí Aibreán 1992. Bíonn fiach an-ghéar ar an ngradam seo agus is maith a chruthaigh an Dochtúr Ó Cathasaigh agus an ceann is fearr a fháil ar iarratais as chuile cheard den tír.

Seo cuid de na figiúirí:

Uimhir daoine a tugadh chun an Ospidéil sa tréimhse .............91.

Tugadh dhá dhuine dhéag acu chun an Ospidéil le linn don othar charr a bheith ag freastal ar ócáidí taobh amuigh den cheantar ......... Rally Caranna na Gaillimhe, mar shampla. Dá réir sin, níl cuntas iomlán ar na cásanna sin. Tá cuntas iomlán ar 79 othar a tugadh chun an Ospidéil agus is mar seo atá cuntas orthu ins an tuarascáil:

| Tinnneas | Uimhir Cásanna |
|---|---|
| Cardiovascular system | 15 |
| Respiratory system | 15 |
| Central and peripheral nervous system | 15 |
| Trauma and orthopaedics | 14 |
| Genito-urinary system | 07 |
| Gastro-Intestinal system | 06 |
| Psychiatric | 04 |
| Near Cot Death | 01 |
| Hypothermia | 01 |
| Drug Overdose | 01 |

Sé an croí an chéad rannóg atá luaite thuas. Muna bhfuil duine istigh scafánta san Ospidéal de bharr taom nó tinneas croí, méadaíonn an chontúirt go gcaillfear é nó í.

Tá laghdú an-tsuntasach déanta ag an othar charr ar an moill a bheadh ar dhuine dá thabhairt go Gaillimh agus tá na deiseanna san othar charr le cúnamh a thabhairt. Tá an traeneáil ar na daoine freisin leis an gcúnamh a thabhairt. Áiríonn an Dr. Ó Cathasaigh go bhfuil an chosúlacht ar an scéal go bhfuil naonúr ina mbeatha anois nach mbeadh murach an tseirbhís seo. Rud eile atá an-spéisiúil ná gur coinníodh chuile dhuine a tugadh isteach san othar charr san Ospideal (91) rud a thaispeáin go raibh cúis mhaith ann i gcónaí leis an othar charr a chur ar bóthar.


Conradh na Gaeilge

Baineann obair Chonradh na Gaeilge le gach gné de shaol na Gaeilge.
Bíonn ár gCraobhacha ar fud na hÉireann ag saothrú go dian chun

- *tacú leis an nGaeltacht;*
- *cearta a bhaint amach do phobal na Gaeilge;*
- *stádas oifigiúil a bhaint amach don Ghaeilge sna Sé Chontae;*
- *tacú le naíonraí agus le scoileanna lánGhaeilge;*
- *staid na Gaeilge a fheabhsú ag gach leibhéal den chóras oideachais;*
- *stáisiún teilifíse lánGhaeilge a fháil bunaithe;*
- *breis cláracha Gaeilge a fháil craolta ar an teilifís agus ar an raidió.*

Beidh **Cothrom Céad Bliain Chonradh na Gaeilge** á cheiliúradh againn i 1993 - Bliain na Gaeilge. Ceiliúradh agus comóradh náisiúnta é seo a bheidh ar siúl i ngach contae agus i ngach réigiún den tír.
Cláraigh linn agus glac páirt inár gcuid oibre ar son na Gaeilge.

Conradh na Gaeilge,
6 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.
Fón: (01) 757401/2.

# DAONRA AN PHOBAIL

Tógadh an cuntas seo ar dhaonra an phobail i dtús Mhí na Nollag, 1992. Tá na bailte liostáilte anseo díreach mar a bhí siad san Iris 'Iorras Aithneach 90' agus i nuachtlitir pobail na Nollag, 1991.

| | |
|---|---|
| Doire Iorrais | 73 |
| Coill Sáile | 102 |
| Loch Con Aortha | 86 |
| Cill Chiaráin (An Sráidbhaile) | 165 |
| Aill na Brún | 70 |
| Bántrach Ard | 60 |
| An Aird Mhóir | 165 |
| Caladh bhFuinnse | 95 |
| Ruisín na Mainíoch | 136 |

**MUIGH INIS**

| | |
|---|---|
| Cartúr | 38 |
| Feithearnach | 73 |
| Meall Rua | 41 |
| Ruisín a' Chalaidh | 4 |
| Crumpán | 55 |

**CÁRNA**

| | |
|---|---|
| Ón gClochar go Teach Sceirde (An tÓstán) | 106 |
| Leitir Deiscirt | 36 |
| Coillín | 47 |
| An Aird Thoir | 74 |
| An Aird Thiar | 69 |
| Más | 43 |
| Leath Mhás | 2 |
| Duibhithir | 69 |
| Muighros (soir chomh fada leis an scoil) | 87 |
| Leitir Ard (agus siar chomh fada le Scoil Mhuighrois) | 99 |
| Damhros | 21 |
| Glinnsge | 67 |
| Caladh an Chnoic | 6 |
| Gabhla | 47 |

Daonra iomlán an pharóiste = 1936.
(Sin 106 níos mó ná anuraidh).

## An Cuntas agus an Comhaireamh

Tá an cuntas agus an comhaireamh ina chuid fíor-thábhachtach den tionscnamh seo, 'Foras Feasa ar Iorras Aithneach'. Míle buíochas le foireann na bliana seo - Seosamh O Cuaig, Ciarán O Maoláin, Micheál Breathnach, Tomás O hIarnáin, Pádraig O Cosgordha, Colm O hUaithnín, Ann Marie Uí Cheannabháin, Máire Bean Uí Laighin, Máire Uí Chuinneáin, Pádraig O Maoilchiaráin, Alison Ní Chadhain, Susan Uí Chatháin agus Máire Bean Uí Mhaoilchiaráin. Míle buíochas freisin do Pheige Uí Choirbín agus do Mhaitias O Coirbín leis an gcúnamh seiceála ar na figiúirí agus go deimhin leis an slua breá a tháinig a chúnamh dúinn sular cuireadh an Nuachtlitir i dtoll a chéile.

Sé Ciarán O Maoláin a chur an tuairisc aimsire le chéile agus chuidigh Éamonn O Cuiv, T.D. agus an Comhalta Údaráis, Seosamh O Cuaig leis na figiúirí bhótála. Mar is iondúil, ní dhearna an tAthair Pádraig O Dubhshláine dhá leith dá dhícheall ag cur an eolais faoi bhás, breith agus pósadh le chéile.

**Nóta:** Tá suntas tugtha don ardú daonra i mbliana. Tháinig roinnt mhaith daoine abhaile. Ceapann cuid againn gur cúrsaí oibre a bheith go dona thar lear is cúis le cuid den mhéadú agus, ar ndóigh, níl cúrsaí oibre san áit ró-dhona. Tá líon na n-gasúr a rugadh níos airde freisin ná líon na n-daoine a bhásaigh.


# An Biúro Gnó

TREASA DUNDASS

Coill Sáile, Cill Chiaráin, Conamara, Co. na Gaillimhe.
Fón/Facs: 095 - 33457

Clóscríobh • Próiseáil Focal
CV's • Téis, srl.
Cuntasaíocht • V.A.T. • P.AY.E.
Bainistíocht Sonraí
Fótachóipeáil • Seirbhís Facs
Comhfhreagras

# Céad Fáilte Romhaibh

*Gasúir a rugadh agus a baisteadh sa bparóiste idir 31/7/1991 agus 31/7/1992*

| AINM | SEOLADH | DÁTA |
|---|---|---|
| Tríona Ní Chualáin | Duibhithir | 1/9/1991 |
| Dónal C. Ó Loideáin | Cárna | 6/9/1991 |
| Réamonn M. Ó Flatharta | Cill Chiaráin | 15/9/1991 |
| Niamh A. Ní Loideáin | Coill Sáile | 1/8/1991 |
| Róisín E. Ní Dhubhshláine | Sasana | 4/1/1991 |
| Pádraig S. Ó Cualáin | Cárna | 20/11/1991 |
| Stiofán Ó Caonaigh | Glinnsge | 5/12/1991 |
| Micheál C. Ó Conaire | Cill Chiaráin | 2/9/1991 |
| Seán M. Mac an Iomaire | Coill Sáile | 15/9/1991 |
| Mairéad M. Breathnach | An Aird Mhóir | 8/12/1991 |
| Tomás Ó Flatharta | Anagaire, Dún na nGall | 9/1/1992 |
| Seosamh C. Ó Maoilchiaráin | Feithearnach | 22/1/1992 |
| Colm Ó Catháin | Glinnsge | 11/2/1992 |
| Máire P. Nic an Iomaire | Caladh bhFuinnse | 2/3/1992 |
| Tealma B. Nic Dhonnchadha | Coillín | 24/2/1992 |
| Micheál P. Ó Cualáin | Muighros | 15/3/1992 |
| Pádraig S. Ó Donnchú | An Aird Mhóir | 17/2/1992 |
| Ronán L. Ó Ceannabháin | Leitir Deiscirt | 23/3/1992 |
| Tomás C. O Neachtain | Cill Chiaráin | 8/5/1992 |
| Gearóid A. Ó Súilleabháin | Cill Chiaráin | 9/5/1992 |
| Sorcha S. Ní Bhriain | Cill Chiaráin | 13/5/1992 |
| Proinsias M. Ó hIarnáin | Cill Chiaráin | 14/5/1992 |
| Brian G. Ó Niaidh | Aill na Brún | 24/3/1992 |
| Micheál C. Ó Maoilchiaráin | An Aird Thoir | 16/6/1992 |
| Eoin P. Ó Cualáin | Muigh Inis | 10/6/1992 |
| Fiona M. Ní Cheannabháin | Muighros | 12/7/1992 |
| Ciarán M. Bolger | An Aird Mhóir | 31/7/1992 |
| Brenda Ní Mhaoilchiaráin | Caladh bhFuinnse | 29/7/1992 |

## SONAS ORAIBH

*Lánúnacha a phós ins an bparóiste 31/10/1991 - 31/10/1992*

| AINM | SEOLADH | DÁTA |
|---|---|---|
| Máire P. De Prendergast | Muighros | |
| Marcus Ó Ceannabháin | Aird Thiar | 3/3/1992 |
| Bríd Ní Chualáin | Cárna | |
| Pádraig Ó Maoilchiaráin | Feithearnach | 4/7/1992 |
| Caitríona M. Nic Dhonnchadha | Boston - An Aird Thiar | |
| Ronán R. Ó Féinneadha | Boston - Sligeach | 20/7/1992 |


# Ó Catháin Teo.

*BUILDEÁIL*

Gabhla. Fón: (095) 31017

*Cébí cineál obair thógála atá ar intinn agat cuir scéala chuig*

Paddy Keane, Ó Catháin, Teo.

# I nGAIRDÍN DÉ

*Na daoine a fuair bás agus a cuireadh ins an bparóiste seo ó 1/12/1991 go 1/12/1992*

| AINM | SEOLADH | DÁTA |
|---|---|---|
| Cáit Uí Chaonaigh | Muigh Inis | 5/12/1991 |
| Áine Seoige (82) | Coill Sáile | 7/1/1992 |
| Colm Ó Súilleabháin (64) | Loch Con Aortha | 24/1/1992 |
| Mairéad Bean Uí Fhearráin (84) | Duibhithir | 17/2/1992 |
| Seosamh Mac Donncha (80) | Glinnsge | 26/2/1992 |
| Pádraig Ó hUaithnín (80) | Más - Aird Thiar | 29/2/1992 |
| Bairbre Bean Mhic Dhonnchadha (77) | Leitir Ard | 9/3/1992 |
| Máire Ní Cheoinín (Naionán) | Gaillimh | 13/5/1992 |
| Siomon Mac Donnchadha (29) | Aird Mhóir | 22/5/1992 |
| Bríd Ní Chochartaigh (53) | An Aird Mhóir | 5/6/1992 |
| Pádraig Ó Súilleabháin (90) | Loch Con Aortha | 16/6/1992 |
| Tomás Ó Conghaile (73) | Coill Sáile | 23/6/1992 |
| Seosamh Ó Loideáin (41) | Ruisín na Mainíoch | 1/7/1992 |
| Bríd Ní Fhlatharta (83) | Coill Sáile | 3/7/1992 |
| Peadar Breathnach (68) | Ruisín na Mainíoch | 17/5/1992 |
| Seán Ó Gaora (80) | Meall Rua | 17/9/1992 |
| Máirtín Ó Meallóid "Meaic" (77) | Cárna | 29/9/1992 |
| Colm Ó Coirbín(41) | Aird Thiar | 18/10/1992 |
| Micheál Ó Flatharta (79) | Aill na Brún | 9/11/1992 |
| Tomás Ó Laoi (46) | Doire Iorrais | 15/11/1992 |

*Nóta:* Tá na tréimhsí dhá mhí dhéag roghnaithe mar seo ó tharla é bheith níos fusa iad a fháil mar sin ar leabhra na sagart. Coinneoidh muid leis na tréimhsí sin amach anseo.

## Líon na n-gasúr ins na scoileanna

| | |
|---|---|
| Cill Chiaráin | 60 |
| An Aird Mhóir | 70 |
| Cárna | 66 |
| Muigh Inis | 30 |
| Muighros | 32 |
| An Aird Thiar | 69 |
| Líon na ndaltaí i bPobal Scoil Mhic Dara, Cárna | 211 |

## FOINSÍ OIBRE SA BPARÓISTE

| *Ionad* | *Lán/Aim.* | *Páirt/Aim.* |
|---|---|---|
| Gaelic Seafood (Bradán Mara), Leitir Ard | 28 | 12 |
| Gaelic Seafood (Próiseáil), An Aird | 21 | - |
| Gaelic Seafood (Oifig agus ionad deataithe), Ruisín na Mainíoch | 34 | - |
| Cill Chiaráin Éisc (Pacáil agus próiseáil bradán) | 4 | 21 |
| Bia Mara (Oifig/Díolaíocht) I.S.P.G. | 16 | 1 |
| Emerald Fisheries | 17 | - |
| Éisc Uí Fhlatharta | 2 | 3 |
| Transmara Teo. (Comhlucht iompair sa bhfeilm. éisc) | 7 | 1 |
| Breizon, Cill Chiaráin | | |
| Arramara Teo. | 13 | - |
| A.C.M. (Miotalóireacht) | 16 | - |
| Carna Lighting | 9 | - |
| Saotharlann Mara, Muigh Inis | 14 | 1 |
| Taighde Mara, Teo. | 2 | - |
| Comharchumann Sliogéisc Chonamara | 5 | - |
| Comharchumann Chonamara Thiar | 5 | 2 |
| Scoil Phobail Chárna | 17 | 2 |
| Bunscoileanna ar fud an phobail | 16 | - |
| Comhluchtaí buildeála ar fud an phobail | 33 | - |
| Seirbhísí leighis, sóisialta agus Dochtúra | 6 | - |
| Ag obair i seirbhísí (m.sh. siopaí, tithe tábhairne, óstáin) | 60 | - |
| Féin Fhostaithe | 9 | - |
| Eile | 9 | - |
| Líon na ndaoine as an bpobal a theann taobh amuigh den áit ag obair chuile lá agus a fhilleann tráthnóna | 25 | - |
| Líon na ndaoine a thagann isteach sa bparóiste ag obair i bpostanna seasta chuile lá | 53 | - |

# AN AIMSIR 1992

*Cuntas tógtha ag an Stáisiún i gCeann Mása, Cárna*

Báisteach 1992

| | |
|---|---|
| Eanáir | 90.3 (mm) |
| Feabhra | 97.7 |
| Márta | 161.6 |
| Aibreán | 98 |
| Bealtaine | 40.8 |
| Meitheamh | 18.1 |
| Iúil | 135.1 |
| Lúnasa | 165.3 |
| Meán Fómhair | 107.9 |
| Deireadh Fómhair | 78.5 |
| Samhain | 200.7 |
| Iomlán | 1194 (mm) (Beagán le cois 47 n-orlaí) |

**LÁ AB FHUAIRE**

(Oíche) 12ú Samhain 1992: -1.9°C

**AN LÁ BA TEOCHA**

29ú Meitheamh 1992 24.6°C

**LÁ BA FLICHE**

21ú Lúnasa 1992 29.2 (mm) *(os cionn orlach)*

GAOTH

Ba ar an 24/11/1992 a shéid an gusta ba láidre le bliain - 73 míle san uair..... gusta fánach go maith i gcomparáid leis an gceann is measa i gCeann Mása - 109 m.s.u. ar an 5/2/1990.

*Nóta faoin aimsir*

Le léargas a thabhairt ar an mbrí atá leis na figiúirí seo i dtaobh na báistí de, seo cuntas ar an méid báistí a chaith sé in ionaid aimsire ar fud na tíre ón 1ú Eanáir, 1992 go dtí an 31ú Deireadh Fómhair, 1992 .... na chéad deich mí den bhliain:

| | |
|---|---|
| Ceatharlach | 537mm. |
| An tSionainn | 785mm. |
| Baile Átha Cliath | 500mm. |
| Corcaigh | 747mm. |
| Gaillimh | 1118mm. |
| Béal a'Mhuirthid | 1154mm. |

Súil amháin ar na figiúirí agus tabharfaidh tú faoi deara gur chaith sé a dhá oiread báistí anseo agus a chaith sé i mBaile Átha Cliath sna deich mí ó thús an Eanáir go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair.

Tá an chosúlacht ar an scéal agus muid ag priondáil go bhféadfadh sí a bheith ar an mbliain is fliche sa taobh seo tíre ó tosaíodh ag coinneáil cuntais chruinn ar an aimsir in 1880. Ach, beidh sé ina dhórtadh i mí na Nollag má tá an bhliain 1954 le sárú. B'shin í an bhliain ba fliche fós.


ÉISC IATHGHLAS TEO.

(Emerald Fisheries)

Áird Mhóir,
Cill Chiaráin,
Co. na Gaillimhe.

Fón: (095) 32208
Telex: 50922

*Gach Deá-mhéin le Cumann Forbartha Iorras Aithneach*

# TOGHCHÁIN AGUS VÓTÁIL

Mar seo a caitheadh na bhótaí, de réir lucht 'tally', sa bparóiste seo agus ins na ceantar is goire dúinn i dtoghcháin a bhí againn le gairid.

## *Olltoghchán 25/11/1992*

| | Loch Con Aortha | Aird Mhóir | Cárna | Aird Thiar | Glinnsge | Caiseal | Turlach Beag | Gort Mór |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| O' Foighil, Pól (N.S.) | 1 | 6 | 4 | 3 | 1 | 2 | 4 | 2 |
| Coogan, Fintan (F.G.) | - | 6 | 2 | 12 | 1 | 2 | 1 | 0 |
| Costelloe, Darina (Pro Life) | - | - | 1 | 6 | 1 | 1 | 0 | 1 |
| O'Cuiv, Éamonn (F.F.) | 60 | 103 | 70 | 87 | 31 | 85 | 82 | 37 |
| Egan, (S.F.) | - | 2 | 2 | - | - | 1 | 2 | 2 |
| Fahey, Frank (F.F.) | - | - | 2 | 4 | - | - | 1 | - |
| Finnegan (N.S.) | - | - | 0 | - | - | - | 1 | - |
| Geoghegan-Quinn, Máire (F.F.) | 37 | 91 | 43 | 57 | 12 | 20 | 26 | 21 |
| Higgins, Michael D. (L.O.) | 3 | 12 | 10 | 13 | 1 | 13 | 2 | 5 |
| Lally, Paddy (N.S.) | - | 2 | - | - | 0 | - | - | 0 |
| McCormack, Pádraig (F.G.) | - | 7 | 17 | 23 | 3 | 29 | 1 | 4 |
| Molloy, Bobby (P.D.) | 6 | 21 | 14 | 11 | 9 | 16 | 12 | 7 |
| O Dowd (Dem. Left) | - | 1 | - | - | - | 1 | - | - |
| Walsh (N.S.) | - | - | - | - | - | - | 1 | - |

## *Toghchán Comhairle Contae - Meitheamh, 1991*

| | Loch Con Aortha | Aird Mhóir | Cárna | Aird Thiar | Glinnsge | Caiseal | Turlach Beag | Gort Mór |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ó Cuaig, Seosamh (Cumhacht) | 58 | 146 | 85 | 107 | 28 | | 38 | 34 |
| O Cuiv, Éamonn (F.F) | 24 | 61 | 45 | 62 | 14 | | 56 | 35 |
| Geoghegan, Ml. (P.D.) | 3 | 2 | 1 | - | 1 | | - | 1 |
| Gibbon, Erin (Cumhacht) | 2 | - | - | 3 | 1 | | - | - |
| Gorham, Ml. (Uisce Glan) | - | 1 | - | 2 | 1 | | - | - |
| King, Malachy (F.F.) | - | - | - | 2 | 1 | | - | 1 |
| Mannion, John M. (F.G.) | 1 | 4 | 14 | 16 | 6 | | - | - |
| Molloy, Joe (Cumhacht) | - | 1 | - | 1 | - | | - | 2 |
| Ní Fhátharta, Connie (F.F.) | 15 | 16 | 8 | 14 | 6 | | 15 | 8 |
| O' Foghil, Pól (F.G.) | 11 | 9 | 5 | 6 | 2 | | 13 | 3 |
| O Néill, Ml. (P.D.) | - | - | 1 | - | 2 | | 2 | - |
| O Tuathail, Peadar (Cumhacht) | - | - | - | 1 | - | | 2 | 1 |
| Welby, Tom (F.F.) | 2 | 1 | - | 3 | 1 | | 4 | 7 |



*Gáirdín an Iascaire, Cuan Chill Chiaráin.*

# Coiste Pobail Chill Chiaráin

Is iomaí uisce imithe le sruth ó bunaíodh coiste i gCill Chiaráin - ós cionn fiche cúig bliain ó shoin. Tá cuid acu ann fós agus cuid eile ar shlí na fírinne, go ndéana Dia grásta orthu. Coiste gníomhach a bhí ann ar feadh i bhfad ach roinnt blianta ó shoin thosaigh an uimhir ag laghdú, ach caithfidh duine a mhisneach a choinneál, is dóigh. Tá cuid mhaith rudaí déanta ag an gcoiste leis na blianta ar nós an scéim uisce, na monarchain atá i gCill Chiaráin agus rinne siad éacht mhór nuair a d'éirigh leo tionscal na mbradán a choinneál anseo.

Leis na blianta anuas tá trí scéim S.E.S. tosaithe a rinne go leor maitheasa ar nós na reilige, carr chlós ag scoil Chill Chiaráin agus Loch Con Aortha. Ar ndóigh is sean-scéal é ceist na mbóithrí a bhfuil muid ag plé leis ó thosaigh an coiste. Tháinig roinnt daoine anois agus arís ag cruinniú le plé faoi rudaí difriúil ar nós Seán Ó Neachtain, Údarás na Gaeltachta, Éamonn Ó Cuiv, Seán Ó Coisteala, Joe Steve Ó Neachtain. Tá roinnt iarrataisí déanta ar na daoine seo chomh maith leis an gComhairle Condae ar nós, Soilse Poiblí breise do Chill Chiaráin agus don Áird Mhóir, comharthaí bóthair agus píosa den chimín ós cionn an Ionad Pobail a thógáil isteach le haghaidh páirc pheile do na daoine óga. Bíonn siad buailte gan áit peile.

Tá fó-choiste turasóireachta againn agus beirt píocaí le freastal ar na cruinnithe. Fuaireadh duine le haghaidh breathnú ar an gCrannóg atá ar Loch Scainimh agus rún é a dhéanamh suas mar a bhí sé. Tá sé ann ón mbliain 600. Sin go bhfuil sé cheithre chéad déag bliain d'aois. Tugadh seandálaí nó archaeologist le breathnú air ach chosnódh sé go leor airgid é a dhéanamh suas mar bhí sé.


Is dóigh go bhféadfainn a bheith píosa fada ag scríobh faoi na rudaí ar fad atá déanta agus atá súil againn a dhéanfar. Tús na bliana le cúnamh Dé, tá rún againn comórtas drámaí a dhéanamh idir na scoileanna sa bparáiste nó b'fhéidir dhá mbeadh suim ann tuilleadh scoileanna a thabhairt isteach ann.

## Cúrsa

Faoi láthair tá cúrsa sé mhí ar bun san Ionad Pobail faoi chúram Áras Mháirtín Uí Chadhain. Tá liúntas le fáil as an gcúrsa seo agus tá go leor le foghlaim ann ag aon duine a dhéanfas é. Tá Ríomhaireacht, Fraincís agus Gaeilge i gceist. Tá muid fíor bhuíoch faoi go bhfuil an cúrsa seo curtha ar fáil dhúinn. Tá fáilte aon uair roimh aon duine go mbeadh suim aige bheith ar an gCoiste.

Máire Bn. Uí Thuathail. Rúnaí

# BAILL CHUMANN FORBARTHA IORRAS AITHNEACH, 1992



Máirtín Ó Catháin (Cathaoirleach)


Idir Comhair Chreidmheasa, buildeáil áiseanna pobail, riaradh scéimeanna oibre, ceannas ar ghluaiseacht forbartha othair chairr, áiseanna do sheanóirí, foilsiúcháin, ullmhú pleananna fostaíochta, sóisialta, bóithre srl don cheantar agus obair go leor eile déanta aige. Iriseoir ar fhoireann Raidió na Gaeltachta. Ag obair ar chúrsaí reatha.

Go leor craolta agus scríofa aige faoi mhuintir na hÉireann i Meiriceá.



Ciarán Ó Maoláin (Leas Chathaoirleach)

Obair iontach déanta aige mar rúnaí ar Chomharchumann Sliogéisc Chonamara. Tá dul chun cinn agus eagar déanta ar an gComharchumann agus an obair atá ar siúl acu ina shampla do ghrúpaí eile i bhfad is i ngearr. Ball de Choiste Turasóireachta Iorras Aithneach. Ag obair do Ionad Mara Choláiste na hOllscoile i Muigh Inis.



Pádraig Ó Cosgordha (Rúnaí)

Bhí sé gníomhach in eagraíocht mhuintir na Gaeltachta ins na caogaidí .... eagraíocht a chuir brú ar mhaithe le bunú Roinn na Gaeltachta. Baint mhór aige le Gael Linn sa gceantar. Rúnaí ar Chumann Peile Mhic Dara ins na blianta ab fhearr a chruthaigh siad. Gníomhach i mbunú Chomharchumann Chonamara Thiar agus i riaradh an Chomharchumainn. Iar-mhúinteoir scoile.



Ann Marie Uí Cheannabháin (Rúnaí Cúnta)


Duine de na daoine óga a bhfuil cruthaithe thar cionn aici don phobal le blianta beaga anuas. Ball den Choiste Cabhrach a bhunaigh seirbhís othar-charr pobail Chárna agus buíon Ord Mhalta sa gceantar. Ball freisin den ghluaiseacht timpeallachta.

Ag obair i bpríomh oifig Bhia Mara Teo. i gCill Chiaráin agus gníomhach sa bhfeachtas díolacháin do thíortha ar Mhór Roinn na hEorpa.




Máire Uí Chuinneáin (Cisteoir)

Ball de Choiste Turasóireachta Iorras Aithneach. Bhí sí páirteach i gcúrsa bliana do mhná i Leitir Fraic anuraidh agus ó shoin i leith, tá sí ag obair don eagraíocht "Forum" ag spreagadh agus ag riaradh imeachtaí pobail i dtuaisceart Chonamara.



An Dochtúr Micheál Ó Cathasaigh

Éachtanna déanta aige ó tháinig sé go Conamara. Tá othar-charr pobail ar bóthar i gCárna. Tá Clár Cúnaimh do dhaoine aosta faoi lán tseoil. Tá stáidéar mór dá dhéanamh ar dhaoine aosta sa gceantar. Gradam náisiúnta buaite aige le gairid don stáidéar ar obair an othar-chairr.



An Ceannfort Maitias Mac Donnchadha

Obair mhór déanta don phobal aige. Cúnamh fáighte aige d'imeachtaí pobail ón American Fund for Ireland. Taithí fhada aige ar obair dheonach in áiteacha go leor ar fud na hÉireann. Tá sé ina theangbhálaí ag an gCoiste leis an gComhairle Contae agus leis an mBord Sláinte. Iar-oifigeach Airm é Maitias Mac Donnchadha agus iar-bhainisteoir Ostáin chomh maith.



Micheál Breathnach

Fear óg, a chruthaigh thar cionn i ngluaiseacht an othar-chairr. Ina dhiaidh sin, d'oibrigh sé go dícheallach ar an gCoiste Timpeallachta. Tá Micheál in Ord Mhalta Chárna freisin. Tá Micheál ag obair do chomhlucht miotalóireachta A.C.M. i gCárna.

**Susan Uí Chatháin**




Tá Susan Uí Chatháin gníomhach i gCoistí sa gceantar le blianta beaga anuas. Ina ball gníomhach den Choiste Timpeallachta agus ina Cisteoir ar sheirbhís Ionaid Lae na seanóirí i Scoil Ghlinnsge. As Contae Laoise ó dhúchas di.

**Máire Uí Mhaoilchiaráin**



Gníomhach i gCoiste Turasóireachta Iorras Aithnigh agus í páirteach i réiteach na mbilleogaí faoin gceantar atá dá scaipeadh in áiteachta éagsúla. Gníomhach sa bhfeachtas timpeallachta sa bparóiste. Tá sí ina ball de Bhord Stiúrtha Chomhar Chreidmheasa an Chaisil freisin.

**Roibeárd P. Ó hÉilí**




Príomh Oide Scoil Phobail Chárna. Spreagadh tugtha aige do spóirt do dhaoine óga in imeacht na mblianta agus é páirteach in imeachtaí eile, Coiste na nIascairí ina measc. Faoina cheannas, tá méadú mór déanta ar Scoil Phobail Chárna agus forbairt déanta ar an Scoil. As cathair na Gaillimhe ó dhúchas.

**Seosamh Ó Cuaig**



Tá taithí fhada ag Seosamh Ó Cuaig ar fhorbairt agus ar spreagadh pobail. Ó aimsir Ghluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta, foilsiú an nuachtáin "Ámárach", spreagadh Coistí Pobail go dtí a stadas mar Chomhalta Tofa den Údarás anois, tá tuiscint an-chuimsitheach aige ar na deacrachtaí atá le sárú i gConamara. Scríbhneoir, iriseoir, tá go leor taistil déanta aige freisin ... san Eoraip agus i Meiriceá mar Chomhalta de Bhord an Údaráis agus mar Iriseoir.

**Tomás Ó hIarnáin**




Shaothraigh sé meas chuile dhuine a chonaic an obair iontach a rinne sé le cúpla bliain anuas i gcoiste tacaíochta do fhear óg a gortaíodh go dona i dtimpist gluaisrothair. Maor in Ionad próiseála Gaelic Seafood san Áird, tá dualgaisí troma oibre ar Thomás agus tugann a bhallraíocht sa gCoiste scil agus léargas nua inár measc.

**Pádraig Ó Maoilchiaráin**



Ball gníomhach den Choiste Timpeallachta le blianta beaga anuas. Páirteach freisin sa bhfeachtas bailiúcháin do Othar Charr Chárna. Ball d'Ord Mhálta Chárna. Tá Pádraig ag obair do Chomhlucht Feilméireachta Éisc Bhradán Mara Teo.

**Pádraig Seoige**




Ghlac sé ballraíocht ar an gCoiste Timpeallachta ar dtús mar ionadaí Bhradán Mara. Scil mhór aige i gcúrsaí feilméireachta éisc. Tá sé ina mhaor oibre farraige sa gcomhlucht.

**Alison Ní Chadhain**



Tá obair mhór agus tacaíocht mhór tugtha aici d'obair an Choiste Cabhrach, idir obair an othar chairr agus bunú an chláir Cúraim Pobail sa bparóiste. As Glinnsge í Alison Ní Chadhain agus tá sí ina Rúnaí in Ionad Sláinte Chárna.

**Gearóid Ó Cosgordha**



Bainisteoir i gComhar-chumann Chonamara Thiar le roinnt blianta. An-ghníomhach in iarrachtaí leis an turasóireacht a chur chun cinn. Sé Gearóid Ó Cosgordha atá ina Chathaoirleach ar Mheitheal Forbartha na Gaeltachta i nGaeltachtaí an Iarthair.



*Oighreacht: Na báid seoil.*

# Comharchumann Sliogéisc Chonamara

Sa mbliain 1983 bunaíodh coiste stiúrtha i gConamara Thiar Theas le breathnú ar an droch staid a bhí ar stoc na n-oisrí agus na muiríní i gCuan Chill Chiaráin agus i gCuan na Beirtrí Buí. Tar éis roinnt cruinnithe chuir 'Coiste Iascaireachta Chonamara' na moltaí seo ós comhair na n-iascairí ag cruinniú poiblí i mí Lúnasa na bliana sin (a) go ndúnfaí iascaireacht na n-oisrí agus na muiríní chun an stoc a chosaint (b) go ndéanfaí staidéar forleathan ar an iascaireacht.

Glacadh leis na moltaí seo agus ceapadh an tIonad Taighde Sliogéisc i gCárna leis an staidéar agus obair thaighde a dhéanamh ar na cuanta. Sa mbliain 1984 cuireadh tús leis an obair fhorbartha agus i mí Mheithimh na bliana sin bunaíodh agus cláraíodh Comharchumann Sliogéisc Chonamara (C.S.C.).

Siad na príomh aidhmeanna bhí ag an gComharchumann ná (i) forbairt a dhéanamh ar an beirtreacha oisrí agus muiríní i gCuan Chill Chiaráin agus i gCuan na Beirtrí Buí agus, mar thoradh ar an obair seo go méadófaí teacht isteach na n-iascairí agus (ii) postanna a chur ar fáil ins an tionscal seo.

Suas go dtí 1987 ritheadh an Comharchumann faoi stiúir Thaighde Mara Teo. le cúnamh ó Údarás na Gaeltachta. An bhliain sin fostaíodh Bainisteoir lán aimsearach le breathnú i ndiaidh ghnóthaí an Chomharchumainn. I mí na Samhna 1987 tugadh ceadúnas aquaculture (AQ101) don Chomharchumann agus chiallaigh sé seo go raibh siad in ann Bainistíocht agus Forbairt a dhéanamh ar an iascaireacht sliogéisc ó Cheann Gólaim go Cloch na Rón. Tá coiste láidir, gníomhach ar an gComharchumann bunaithe ar thrí ionadaí ó sheacht gcinn de na ceantair éagsúla, Leitir Mealláin, Ros Muc, Cárna, Leitir Móir, Cill Chiaráin, Glinnsce agus Cloch na Rón, chomh maith le ionadaí ó eagraíochtaí stáit, Údarás na Gaeltachta, BIM, Bord Réigiúnach Iascaireachta an Iarthair, Coláiste na hOllscoile Gaillimh agus Roinn na Mara. Sa mbliain 1988 cuireadh Coiste Bainistíochta faoi oiliúint le scéim F.Á.S. agus ó shoin i leith tá an coiste seo gnóthach i ritheacht an Chomharchumainn ó lá go lá.

Tá go leor dul chun cinn déanta ag C.S.C. ó 1984 agus faoi láthair tá dhá fó-chomhlucht ag an gComharchumann agus siad sin, Muirín Teo. agus Oisrí Chonamara Teo.

A. Muirín Teo.

Bunaíodh an comhlucht seo i 1991 le forbairt a dhéanamh ar na muiríní ins an dá chuan. Tugadh isteach aon mhilliún muiríní beaga i mbliana agus tá siad seo dhá bhfás i gciseáin go mbeidh siad sách mór le dhul amach ar na beirtreacha. Tá ag éirí go maith leis an obair seo agus mar thoradh ar an obair seo bheadh súil ag an gComharchumann stoc na muiríní a mhéadú go mór ins na blianta amach romhainn.

B. Oisrí Chonamara Teo.

Le roinnt blianta anuas tá an-suim ag roinnt de bhaill an Chomharchumann i bhfeilméaracht sliogéisc, ar nós oisrí gigas, cuanta mara, ruaicne agus abalone. Bunaíodh an comhlucht seo le forbairt a dhéanamh ar an tionscail nua feilméireacht sliogéisc seo. Faoi láthair tá cúigear ball ag plé le feilméireacht oisrí gigas agus tá súil é seo a mhéadú amach anseo.

Na blianta amach romhainn

Tá plean nua forbartha i bhfeidhm ag C.S.C. le stoc na n-oisrí a mhéadú go dtí 120 tonna sa séasúr ins na cheithre bliana amach romhainn. Cuireadh amach 500 tonna sliogán diúilicíní i mbliana le cuidiú leis an síolrú. Chomh maith le seo athraíodh leath mhilliún oisrí beaga amach ar bheirtreacha tréigthe agus dúnfar na beirtreacha nua seo go ceann cúpla bliain le seans a thabhairt do na hoisrí fás. Mar gheall ar ollmhéid na hoibre atá le déanamh ag C.S.C. ins na blianta amach romhainn ceannaíodh bád nua i mbliana leis an obair seo a dhéanamh. Tá 180 scairshealbhóir ins an gComharchumann agus bíonn séasúr iascach oisrí agus muiríní eagraithe chuile bhliain. Faoi láthair tá cúigear fostaithe go lán aimsearach ag C.S.C. agus na fo-comhluchtaí. Tá árd mholadh ag dul chuig Údarás na Gaeltachta mar gheall ar an tacaíocht a thug siad don Chomharchumann ins na blianta atá caite. Le tacaíocht na n-iascairí agus na scairshealbhóirí beidh toradh maith, rathúil ar an sár-obair atá déanta ag C.S.C. ó 1984.

Ciarán Ó Maoláin - Rúnaí an Chomharchumainn


# Muintearas

TOGRA OIDEACHAIS GAELTACHTA

LEITIR MÓIR, GAILLIMH FÓN: (091) 81145/81155/81300 FACS: 81277

*Le tacaíocht ó:*

Údarás na Gaeltachta, Coimisiún na gComhphobal Eorpach, N.O.W./Euroform, Fundúireacht Bernard van Leer, An Roinn Oideachais, An Crannchur Náisiúnta

Forbairt agus Cúram Leanaí, Scéim Réamhscoile do Thuismitheoirí - Scéimeanna Tacaíochta do Bhunscoileanna - Foilsitheoireacht Téacsleabhair - Scéimeanna don Óige - Mná sa bPobal - Forbairt Oidhreachta - Oideachas Pobail. Ag obair i gCorcha Dhuibhne, Conamara, Maigh Eo, Tír Chonaill agus ar fud na Gaeltachta.

# ÉISC UÍ FHLATHARTA TEO.

Áird Mhóir, Cill Chiaráin
Conamara, Co. na Gaillimhe

Teil: 095 - 32208

STIÚRTHÓIRÍ: Dara Beag Ó Flatharta, Liam Ó Flatharta.
Uimhir Chláraithe 130115; Uimhir C.B.L. 4766711S

# Bord na Gaeilge

*7 Cearnóg Mhuirfean*
*Baile Átha Cliath 2*

**Teileafón: (01) 763222**
**Fax: (01) 616564**

*7 Merrion Square*
*Dublin 2*

*Gach Deá-mhéin le Cumann Forbartha Iorras Aithneach*

# Faoi Fhoscadh Mhic Dara



De réir an tseanchais deirtear gur mhair Naomh Mac Dara le linn aimsir Naomh Pádraig. Creidimid gur mac Rí Laighean 'Dubh Dara' ab ea é Naomh Mac Dara. Leis sin bhí oideachas, eolas an dlí agus talamhaíocht aige.

Chuir sé fhéin agus a chuid manaigh faoi ar Chruach na Cara. Chomh maith leis an gCríostaíocht a bhunú, chuir sé córas dlí, oideachais agus talamhaíochta ar bun freisin.

Bhí árd-mheas agus omós air, go háirid ag lucht farraige agus d'umhlaídís an seol tosaigh ag dul thar an oileán le teann omóis dó, agus leantar den ghnás sin go dtí an lá inniu. Tá sé ráite sa tairngreacht nuair a thiocfaidh lá deire an domhain, nach mbeidh éinne sábháilte ach an té a bhéas faoi fhoscadh Mhic Dara, agus go mbeidh an oiread daoine ar an oileán an lá sin agus dá dtitfeadh biorán beag anuas as an aer gur ar mhullach duine a thitfeadh sé. Cuid de ghnásanna speisialta a d'fhág Naomh Mac Dara againn ná beannú an bháid ag fágál an chalaidh ar maidin le trí bhraon d'uisce an tsáile a chroitheadh ar an mbád. 'In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spiorad Naomh'.

Titeann lá Fhéile Mhic Dara ar an 16ú Iúil agus bíonn an tAifreann binn á rá ag bínn an tSéipéil mar a bhí míle go leith bliain ó shoin. Bailíonn slua mór daoine ar an oileán le haghaidh Aifreann na Féile.

Séad chomhartha Náisiúnta a ndearna Bord na nOibreacha Poiblí ath-dheisiúchán agus a ndearna an tÁrd Easpag Thuama, Seoseamh Ó Cuinneáin ath-choisriciú air i 1976 agus a bhfuil mórtas mór ag na daoine as. Cé nach ndéanann na báid trí thuras timpeall an oileáin mar a dhéanaidís fadó, coinnítear suas an gnás leis na báid seoil a chur timpeall an oileáin le linn rásaí Fhéile Mhic Dara. Ba é Féile Mic Dara a rinne ath-bheochan ar na báid mhóra agus is ag Féile Mhic Dara a bhíonn Craobh na hÉireann de na húicéirí. Le linn na Féile bíonn go leor imeachtaí ar bun idir spóirt talún agus rásaí húicéirí, leath-bháid, gleoiteógaí móra agus beaga, púcáin, curachaí adhmaid agus curachaí canbháis.

## NEW ORLEANS

Le comhcheangal idir Coiste Fhéile Mhic Dara agus Dónal Ó Flatharta i New Orleans, shocraigh muid turas i mbliana go New Orleans do bhuaiteoirí na gcurachaí canbháis chun páirt a ghlacadh sa gcéad Fhéile na Naisiún Ceilteach i Louisiana. De bharr droch-aimsir b'éigin na rásaí a chur ar ath-ló faoi dhó agus d'éirigh linn na rásaí a rith ar an 9ú lá de Lúnasa. Tar éis coimhlint ghéar, ba iad foireann Leitir Mealláin a thug an lá leo. Ba iad na gaiscigh a thug an chraobh leo Lá Mhic Dara 1992 a thug an bhratach leo go Louisiana agus a thug Corn Naomh Cillín trasna an Atlantaigh siar go Leitir Mealláin agus Leitir Móir. Ba iad na triúr fear ná Michael Loftus, Seán Ó Ceallaigh agus Réamonn Ó Súilleabháin. Chomh maith le Coiste Fhéile Mhic Dara, tá an-chliú tuillte ag Dónal Ó Flatharta as an Áird Mhóir, Cárna atá socraithe síos i



Go New Orleans an Cheoil agus na Gréine

*Cathaoirleach Choiste Fhéile Mhic Dara, Maitias Ó Coirbín ag bronnadh na dticéad go New Orleans ar (ó chlé): Réamonn Ó Súilleabháin, Seán Ó Ceallaigh agus Michael Loftus.*

Louisiana agus gur fearr an aithne atá air An Celtic Folk.

"Níl gaoth dá dhonacht nach séideann maith," agus cé gur bocht linn an imirce, tugann daoine leo thar lear cultúr agus nósanna agus a chruthúnas sin an chéad Fhéile Cheilteach i Louisiana.

Go mba fada buan a mhairfidh an ceangal seo, mar ba buan dó ó aimsir Mhic Dara.

Peige agus Maitias Ó Coirbín


# BANC NA hÉIREANN
## (Bank of Ireland)

Clochán
*Chuile chineál seirbhís bainc*

BANC TAISTIL

**Dé Céadaoin:**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 10.15 | Cill Chiaráin | 11.15 | Tí Kheane |
| 11.40 | An Áird Mhóir | 12.10 | Tí Leavy |
| 1.45 | Ruisín na Mainíoch | 2.15 | Carrolls |

**Déardaoin:**

10.15 go 12.30 agus 1.30 go 3.00 — I gCárna

Fón: (Clochán) 095 - 21111/21290 Facs: 095 - 21453



Ag obair i dteannta a chéile

*Ag tús oifigiúil an Chláir Cúraim Pobail agus oscailt an Ionaid Lae i nGlinnsge (ó chlé): An tSiúir Angela (stiúrthóir), Máire Bean Uí Laoi agus Príomh Fheidhmeannach Bhord Sláinte an Iarthair, Éamonn Hannon.*

# *Seirbhís Ionad Lae*

Nuair a tháinig Cathal Mac Coille, as R.T.E., go Cárna cúpla bliain ó shoin, taréis dúinn an t-othar charr a fháil chuir sé ceist. "An raibh aon scéim eile ar intinn ag an gcoiste". Dúirt muid go raibh.

1. Láthair a chur ar fáil chun go mb'fhéidir le daoine aosta agus go speisialta daoine aosta nach raibh aoinne leo, teacht le chéile. Chomh maith le seans a thabhairt dóibh casadh le sean chomrádaithe bheadh seirbhísí eile ar fáil dhóibh chomh maith. Tá an t-uaigneas ar an ualach is mó ar dhaoine aosta. Thógfadh éirí amach cuid den ualach díobh agus ba rud éicint é le dearca ar aghaidh chuige. Socraíodh Ionad Cúram Lae a chur ar fáil. Tá siad seo ag leathnú ar fud na tíre le blianta beaga anuas.

Chuaigh an coiste i mbun oibre. Fuaireadar údarás úsaid a bhaint as Scoil Ghlinsce, scoil a bhí dúnta le blianta. Bhailíodar airgead agus leis sin agus a lán obair dheonach bhí Ionad Cúraim Lae i gCárna. Tá an t-ionad faoi chúram an choiste agus é á riar ag an tSiúir Angela. Tugann cúpla bean as an bparáiste cabhair di leis an áit a ghlanadh agus bia a ullmhú.

Bailítear na sean daoine gach Déardaoin agus fágtar sa mbaile arís iad. Bíonn cupán tae acu ar theacht dóibh, béile i rith an lae agus tae roimh dhul abhaile dóibh. Fhaid is tá siad ann bhíonn cluichí á n-imirt acu nó déanann siad obair láimhe. Chomh maith leis seo tá áis ag gruaigeadóir ann agus seomra folcaidh.

Nuair a ghlaoigh mé isteach ann Déardaoin casadh an tSiúir agus Bean Uí Chearrbhaláin dom ag an doras. Bhí míle fáilte romham mar tá roimh gach duine a thugann cuairt. Sa seomra taobh istigh, bhí tine bhreá agus timpeall ar na boird bhí fir is mná ina suí. Iad ag ól tae, ag caint is ag gáire. Ní fhaca mé ariamh dream bhí chomh glan gléasta gealgháireach leo. D'ól mé tae leo agus d'fhág mé. Bhí sé in am. Bhí na freastalaithe ag glanadh suas, an gruaigeadóir taréis teacht agus cluiche bingo ag tosnú.

Mar a d'fhág mé bhí mé ag smaoineamh. Marach an obair a bhí dhá dhéanamh ag an Dr. Michéal Ó Cathasaigh, an coiste, agus na mná atá ag riar na háite anois, ní bheadh an dream a d'fhág mé chomh gealgháireach ach iad ina suí ar aghaidh an teallaigh sa mbaile ag cartadh na gríosaigh. Gruaim agus uaigneas le léamh ar a n-éadan.

Tuilleann an áis seo tacaíocht ó mhuintir an phobail.

Siad an tSiúir Angela, Máire Uí Chearrbhaláin, Liz Uí Loideáin agus Agnes Bairnbridge an fhoireann dheonach san Ionad Lae.

## Ord Mhálta

Tá bun-chloch Ord Mhálta daingnithe go maith sa bparáiste anois agus is mór an t-údar misnigh é an Buíon Óige nó na Cadets. Tá ranganna i ngar chabhair curtha ar fáil do dhaoine óga an phobail ag Ord Mhálta. Tá 38, páistí bunscoile den chuid is mó, ag freastal ar na ranganna seo cuile oíche Dé Luain sa Scoil Phobail agus tá 18 ag glacadh páirt san am céanna i gCill Chiaráin. Siad Marie Ní Nia, Matt Ó Coirbín, Joe Casey agus Mairéad Uí Chuaig atá ag breathnú ina ndiaidh.

Ar an oíche chéanna bíonn ranganna do na baill sinsearacha freisin. Tá scór go leith i gCárna agus dhá dhuine dhéag i gCill Chiaráin. Sé Aodh Ó Domhnaill atá ina Oifigeach i bhFeighil.

Maitias Mac Donnachadha


# BLIAIN MHAITH AG PEILEADÓIRÍ

Bíonn áthas ar mhuintir na háite i gcónaí nuair a éiríonn go maith le muintir na háite ina gcuid iarrachtaí. Le blianta fada anuas tá gradaim arda bainte amach ag muintir na háite seo ó thaobh ceoil, amhránaíochta agus a leithéide. Le blianta beaga anuas, tá an-ghaisce déanta ag peileadóirí óga an cheantair freisin i gcomórtais na Gaillimhe. Den dara bliain as a chéile, bhuach foireann ógánaigh (faoi - 14) comórtas a bhí oscailte don chontae uile, cé's moite de bhailte móra. Bhí foireann an-mhaith faoi - 18 againn i mbliana agus i dtús an tSamhraidh, is iomaí sár-thaispeántas a thug siad i gCárna. Faraíor, fuair foireann an Spidéil-Bearna an ceann is fearr orthu i gcluiche ceathrú ceannais an Chontae.

Chuaigh an fhoireann sóisir chomh fada le cluiche ceannais iarthar an Chontae ach bhuail Micheál Breathnach as Cois Fharraige go maith iad sa gcluiche ceannais lá fuar, fliuch ar an gCeathrú Rua. Ach, i gcluiche ceannais na Sraithe in Iarthar na Gaillimhe, d'athraigh an scéal agus is comh-scór a bhí idir Cárna agus Cois Fharraige. Níl an t-ath-imirt imeartha agus mé ag scríobh.

Ar deire, focal buíochais do chuile dhuine a ghlac páirt ins an gCiorcal Airgid a bhí dá rith ag an gCumann i rith na bliana. Tá moladh faoi leith ag dul do chuile dhuine a dhíol ticéid ar feadh sé mhí. Tá buíochas ag dul freisin do Transmara Teo. a bhronn geansaithe ar an gCumann i mbliana. Is iomaí sin duine a chuidigh linn i rith na bliana idir thiománaithe, réiteoirí, tuismitheoirí agus daoine eile. Tá súil agam go mbeidh siad linn i 1993.

Colm Ó hUaithnín



Seaimpíní

*An- bhliain ag peileadóirí óga Iorras Aithneach. Seo í an fhoireann a bhua craobh an Chontae faoi-14 in Uachtar Ard i Mí Lúnasa, 1992.*

*An líne cúil (ó chlé): Séamus Ó Méalóid, Seán Ó Flatharta, Pól Ó Féinneadha, Marcus Mac Fhlannchadha, (Caiptín), Seán Ó Cualáin, Réamonn Mac an Iomaire, Rónán Ó Dubhda, Maitias Ó Cathasaigh.*

*Líne tosaigh (ó chlé): [redacted], Seán Ó Cathasaigh, Ciarán Ó Madaoin, Máirtín Ó Flatharta, Séamus Ó Catháin, Éamonn Ó Cualáin, Seán Mac Donnchadha, Seán Mac an Iomaire.*

# Turasóireacht Iorras Aintheach

Bunaíodh an eagraíocht i dtús na bliana agus, mar thús, ullmhaíodh bileog eolais. Glacadh páirt in Aonach Turasóireachta Bhord Fáilte i mBaile Átha Cliath agus bhí oifig eolais i gCaife Mhic Oireachtaigh i gCárna an samhradh seo. Tá sé i gceist oifig eolais a oscailt i gCill Chiaráin an bhliain seo chugainn. Tháinig méadú suntasach ar an uimhir tithe lóistín agus is léir go bhfuil acmhainn iontach turasóireachta ag an gceantar seo ach í a fhorbairt.




Ceantar gaeltachta é leithinis Iorras Aintheach (Carna-Cill Chiaráin), suite in iar-dheisceart Chonamara (An Clochán 35km; Gaillimh 70km), atá faoi thionchar ag *saibhreas* na teangan, na farraige agus an dúlra portaigh. Tá ceantar Chill Chiaráin faoi aghaidh Chnoc Mordáin, *saibhreas* eile, agus tá na Beanna Beola ó thuaidh. Is ceann de mhórcheantair amhránaíocht ar an sean-nós é agus tá cáil ar cheol agus traidisiún scéalaíochta na h-áite. Léitear aifreann ar Oileán Mhic Dara ar an 16ú Iúil i gcomóradh ar Naomh Mac Dara agus bíonn patrún ag céibh an Mhása ina dhiaidh sin. Tá tránna agus siúlóidí fairsing. Tabhair cuairt: tá fáilte romhat.



Thug Paul Kempynck as Flóndras sa mBeilg cuairt eolais ar an gceantar chun idircheangal turasóireachta agus cultúrtha idir Conamara agus Flóndras a chur chun cinn. B'í Máire Uí Ghiobúin, eagraí Turasóireachta, Turasóireacht Chonamara agus Árann a d'eagraigh an chuairt.

Sa bpictiúr ó chlé tá: Seosamh Ó Conghaile, Máire Uí Chlochartaigh, Paul Kempynck, Margaret Nic Oireachtaigh, Máire Uí Ghiobúin, Máire Uí Chuinneáin agus Gearóid Ó Cosgordha.

## Amhrán don bhaile dúchais

Tá Meiriceá agus tíortha eile siúlta ag Danny Ó Flatharta as an Aird Mhóir ag casadh amhráin agus ceoil i gcuideachta a dhearthára, Pádraig agus fear as an mBreatain Bhig, Robin James Jones.

Tá gnó ag Danny i New Orleans, Mheiriceá anois agus áit seinnte ceoil agus amhráin ina chuid de. Ar an 24ú Aibreán, tháinig sé abhaile chuig a pharóiste dúchais agus chur sé féin agus Robin James Jones ceolchoirm ar mhaithe le othar charr Chárna ar stáitse in Ionad Pobail Chill Chiaráin.

Sa bpictiúr a tógadh i gCill Chiaráin ar an ócaid sin: Danny Ó Flatharta agus Máirtín Ó Cualáin.



# *Go raibh maith agat, a Phat*




Áit mhór é Barnardo's i Randolph atá gar do Bhoston i Massachussetts. An oíche a dtug siad aitheantas agus omós do Phat Walsh, ní raibh suíochán le spáráil ann. Bhí suas le 1200 duine i láthair; bheadh na céadta eile ann ach go raibh na ticéid ar chaoga dollar an ceann, díolta amach os cionn coicíse roimhe sin. Bhí na polaiteóirí is cumhachtaí i Stát Mhassachussetts ann. Bhí ceannairí ceardchumainn as Washington ann. Bhí ionadaithe ann ó chuile eagraíocht ar bhfiú trácht air i gcathair Bhoston. D'fhág an Méara, Ray Flynn feachtas Bhill Clinton don Uachtaránacht le bheith ann. Seans gur minic an oíche sin a chuimhnigh Pat Walsh - nó Pádraig Mháirtín Tom - go mba fhada an t-achar anois é ón mbaile inar rugadh agus inar tógadh é, Caladh bhFuinnse. Ach, níorbh fhada dháiríre. Bíonn Caladh bhFuinnse ina intinn i gcónaí agus ba thráthúil é gur tugadh leathanach iomlán ins an leabhrán speisialta a foilsíodh don ócaid don dán 'An Gleann inar tógadh mé'.


Chuaigh cáil Phat i bhfad is i ngearr mar cheannaire Union i mBoston. Dúirt fear amháin an oíche sin go mba é Pat ba mhó a chuidigh le imircigh as Éirinn i Massachussetts. Jab crua a bhí ann agus níor éalaigh Pat as gan a dhóthain féin de chathanna a throid. Ach, níor thréig a chroí mór ariamh é agus guíonn muid saol fada air féin agus ar a bhean ghnaiúil, Nappy.

Sa bpictiúr: bronnann Uachtarán Sheanad Stát Mhassachussetts, William Bolger (ar dheis) gradam an tSeanaid ar Phat Walsh ag an ócaid mhór in omós do Phat ar an 23ú, Deire Fómhair, 1992.



*Beartla Ó Caonaigh as Gabhla atá i bhfoisceacht ocht mí don chéad. Tógadh an pictiúr seo ina theach cónaithe i Jamaica Plains i mBoston roinnt seachtainí ó shoin. D'fhág Beartla an baile ós cionn 70 bliain ó shoin agus níor sheas sé ar an bhfód dúchais ach aon uair amháin ó shoin. Bhí sé pósta ag Cáit Ní Uaithnín as Muigh Inis, nach maireann. Beannacht Dé lena hanam. Bhí Beartla ag tiomáint a chairr féin go dtí i mbliana nuair a leagadh é agus gortaíodh a chois.*

*Cloisfear Beartla ar an tsraith cláracha 'Seáirse i Meiriceá' a chraolfar ar Raidió na Gaeltachta roimh an Nollaig. Ar an gclár a chraolfar ag 1.30, an 24ú (Oíche Nollag) a bheas Beartla le cloisteáil.*



Ag coinneáil traidisiún na háite beo

*Baill de Chumann Seoltóireachta na Beirtrí Buí ag déanamh báid seoil le cleachtadh a fháil ar sheoltóireacht (ó chlé):*
*Micheál Ó Ceoinín, Martina Ní Chuinneáin, Seosamh Ó Maoilchiaráin, Máirtín Ó hEithir, Pól Ó Cuinneáin agus Pádraig Ó Ceoinín.*



Craobh na hÉireann

*Gasúir faoi -7 as Scoil na hAirde Móire a bhuach Craobh na hÉireann ag Slógadh 1992 i nDún Dealgan de bharr feabhais a gcuid amhránaíochta. Ó chlé: Vincent Ó Duinshléibhe, Shane Ó Duinshléibhe, Brenda Bhreathnach, Bairbre Ní Fhlatharta, Máirtín Mac Donnchadha, Sorcha Bolger, Bairbre Ní Ghionnáin agus Máirtín De Búrca.*




Seol Báid

*Martina Ní Chuinneáin ag déanamh seoil don bhád nua atá daoine óga - baill de Chumann Seoltóireachta na Beirtrí Buí - a dhéanamh faoi stiúir Sheosamh Uí Chonghaile.*

# Anonn is Anall i 1992

**Athrú Úinéireachta**
Cheannaigh Gaelic Seafood (Ireland) na comhluchtaí feilméireacht éisc a bhíodh ag Carrolls anseo i rith na bliana. Tháinig Gaelic Seafood, faoi cheannas Stuart Bailie anseo sa samhraidh. Chuidigh Carrolls go mór le forbairt na háite seo. Tá súil againn go mbeidh deárath ar obair an chomhluchta nua anseo.

**Leabhar Slachtmhar**
I mí Lúnasa seoladh *Conamara Theas - Áit agus Ainm* Tigh Mheaic i gCárna. Aistriúchán í seo le Liam Mac Con Iomaire ar shaothar Tim Robinson *Mapping South Connemara*. Bhí Tim Robinson an-bhródúil as an aistriúchán breá seo.

**Cruinniú le hInnealtóir**
Chuir muid aithne i bhfad níos fearr ar an Innealtóir Comhairle Contae don cheantar, Jim McGurk i mbliana. Bhí cruinnithe an-mhaith againn leis.

As Bóthar na Trá é Jim agus tá a dhóthain féin le déanamh aige i gceantar Innealtóireachta Chasla. Beidh muid ag casadh leis arís i 1993.

**Oifig an Údaráis**
Bíonn fáil ar Thadhg Ó Conghaile, Bainisteoir Údarás na Gaeltachta do Ros Muc agus do Chárna in Oifig an Údaráis chuile mhaidin Dé Máirt ag an 11 a chlog.

Tá Cumann Forbartha Iorras Aithneach an-bhuíoch de Thadhg agus den Údarás as ucht an tseomra cruinnithe a thabhairt dóibh i rith na bliana. Is iontach an áis cruinnithe í i gcomparáid leis an áit a bhíodh againn.



*Seán Ó Cualáin ag obair in Éisc Chill Chiaráin Teo.*

# BEARR MÉ!

"Goilligí isteach anseo níos gaire dhom, a ghasúir. (sioscadh cathaoireacha) ... Dia go deo libh ... tá scéilín beag amsa díbh agus tá mé 'cheapadh go dtaitneoidh sé libh. An dtaitníonn scéalta taibhsí libh?" ... Agus bhí an slua leis, idir óg agus sean.

Sin mar a thosaigh Éamonn Ó Conghaile isteach sa scéal *Bearr Mé!* ag an Oíche Scéalaíochta agus Seanchais a bhí i Scoil na hAirde i mbliana mar chuid de Phléaráca Chonamara. Ní fada go raibh geit agus líonrú milteach bainte as sagart, áit ar tháinig púca bráillín amach roimhe oíche. Ach nuair a fuair an sagart amach cén t-ógánach a bhí faoin mbráillín chuir sé faoistin air: ní bhfaigheadh an t-ógánach aithrí go líonrófaí é féin trí huaire. Agus d'imigh leis ar fud an domhain féachaint an líonrófaí é. Ach ní raibh spiorad ná taibhse ná ollphéist in ann sin a dhéanamh, is cosúil, go dtí go ... Agus níor bhain an *Bearr Mé* líonrú ar bith as, rud nach féidir a rá faoi chuid den slua a bhí i láthair – idir mór agus beag.

I gcuideachta Éamoinn ar an oíche bhreá seo bhí beirt scéalaithe cháiliúla ó Chois Fharraige: Tom Pheaidí Mac Diarmada agus Tom Bheartla Tom Ó Flatharta. Seoladh caiséid nua scéalaíochta leo ag tús na hoíche (Cló Iar-Chonnachta).

Bhí an t-amhránaíocht go tréan freisin agus bhí sé tráthúil go b'í Caitríona Ní Cheannabháin a chuir tús leis an oíche. Bhuaigh sí Corn Tom Pháidín Tom an Phléaráca ar an Aoine dár gcionn – agus gan í fós ach sé bliana déag. Bhí a mamó, Máire Ghabha, Dia go deo léithi, ag amhránaíocht go tréan freisin agus gar do dheireadh na hoíche thug sí féin, a mac Michael, agus Dara Bán tuairim is dhá scór véarsaí don 'Seanduine Dóite'. Ina measc siúd a bhí ar stáitse an chathaoir freisin bhí Johnny Sheáin Jeaic agus a iníon, Róisín, Seosamh Ó Guairim, Johnny Mháirtín Learaí, Máirtín Tom Sheáinín agus Pádraig Ó Héalaí ó Chumann Béaloideas Chonamara. B'é Pádraig a sheol an caiséad nua scéalaíochta. Adúirt: *'Tá Iorras Aintheach ar cheann de na ceantair is saibhre scéalaíochta agus béaloidis sa domhan.'* Is léir go bhfuil athnuachan spéise.




*... bhain sé an clár den chónra. Bhí sean fhear ina luí istigh ann a raibh féasóg mhór fhada air síos go dtí 'na bhásta. Thosaigh sé á dhíriú féin aníos ... go mall agus go mall ...*



*Éamonn Ó Conghaile.*



*Micheál Ó Conghaile, Cló Iar-Chonnachta; Tom Pheadaí Mac Diarmada; Pádraig Ó Héalaí agus Tom Bheartla Tom Ó Flatharta.*




*Dara Bán.*




*Michael Mháire Ghabha.*




*Caitríona Ní Cheannabháin, buaiteoir Chorn Tom Pháidín Tom.*



*Róisín Nic Dhonncha, buaiteoir ag Fleadh Cheoil na hÉireann, i gcuideachta Mhama agus Deaide.*



Tá Cumann Béaloideas Chonamara chun leacht a chur ina sheasamh ag crosbhóthar an Teallaigh i gCárna. Tá cloch curtha ar fáil ag Máirtín Bán Breathnach agus tá suíomh curtha ar fáil ag Micheál Ó Móráin. Tá Comhairle Contae na Gaillimhe chun an obair seo a dhéanamh i 1993 ach brú á chur orthu. Beidh an inscríbhinn seo leanas ar an leacht: IN ÓMÓS DO SCÉALAITHE AGUS SEANCHAITHE AN CHEANTAIR. Beidh nóta gearr eolais leis i gceithre theanga.




stiúideo a7

STIÚIDEO 24 - RAON

24 - TRACK STUDIO

Proifisiúntacht ar chostas réalaíoch.
*Professionalism you can afford.*

Gach eolas ó:
An Rannóg Cumarsáide, Bord na Gaeilge,
7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.
Fón: 01-763222. Fax: 01-616564.



Cúram Timpeallachta

*Ag láinseáil na scéime timpeallachta le sean charanna a chrochadh chun bealaigh. (Ó chlé): Tadhg Ó Conghaile, Bainisteoir an Údaráis do Ros Muc agus do Chárna; Eileen Moran-Conneely, Leas Bhainisteoir an A.I.B., An Clochán agus Pádraig Ó Cosgordha, Runaí an Chumainn.*



Súil chun cinn

*An Garda Seosamh Ó Culáin as Muigh Inis ag deire a chúrsa traenála i gColáiste na nGardaí sa Teampall Mór sa bhFómhar seo caite. Sé a dheartháir Seán atá ina chuideachta.*


# Fresh Irish Salmon and Sea-Reared Trout

Bradáin agus Bric Úra ó

**Chonamara, Muigheo, Tír Chonaill, Ciarraí is Corcaigh.**

*Gach dea ghuí dár gcairde i gCárna is i gCill Chiaráin ó*

**BHIA MARA**

***(Irish Salmon Producers Group)***

*Cill Chiaráin,*
*Conamara,*
*Co. na Gaillimhe.*

*Fón: (095) 33501*
*Tlx: 50987 SALM EI*
*Fax: (095) 33453*



**Súil Siar**

*Ar an 24ú Lúnasa, 1992 tháinig triúr saighdiúr as an bparóiste seo le chéile arís i nDún Uí Mhaoilíosa ar an Rinn Mhóir. Bhí Pat Walsh sa mbaile ar saoire as Boston agus ba é an chéad uair aige é i nDún Uí Mhaoilíosa ón mbliain 1945.*

*Sa bpictiúr ó chlé: Máirtín Breathnach as Coill Sáile, Pat Walsh as Boston agus Caladh bhFuinnse, Leas Cheannasaí an Chéad Chath., an Ceannfort Fergus Ó Gliasáin agus an Ceannfort Maitias Mac Donnchadha, Leitir Ard.*


# Áras Mháirtín Uí Chadhain

Ionad Gaeilge Choláiste Ollscoile na Gaillimhe
AN CHEATHRÚ RUA, CO. NA GAILLIMHE

| | |
|---|---|
| **Riaradh:** | Pleananna Gaeilge do Theaghlaigh gan Ghaeilge. Ranganna Gaeilge do Thuismitheoirí agus do Dhaoine Fásta ó Chárna go Camus go dtí an Spidéal. Pleananna Gaeilge i gcomhar le Coistí Áitiúla agus Comharchumainn. |
| **Reachtáil:** | Scéim Fostaíochta Sóisialta. Cúrsa do Chúntóirí Gaeilge. |
| **Reachtáil:** | Cúrsaí éagsúla trí Ghaeilge: Próiseáil Focal, Ríomhaireacht, Garchabhair, Ceamara Físe, Ealaíon srl. |
| **Maraon le:** | Seirbhís Leabharlann Ghaeilge, Seirbhísí Oifige, Clóscríobh, Fótachóipeáil, Facs. |
| **Chomh maith le:** | Dianchúrsaí Gaeilge do Mhic Léinn & do Dhaoine Fásta, Cúrsaí Gaeilge LSS do ghrúpaí. |

ÁR gCUID DEN NOLLAIG AR IORRAS AITHNEACH

# Comhghairdeachas le Mná sa bPobal

*Déanann muid comhghairdeachas leis an ngrúpa ban a chur an Iris bunaithe ar an bpobal seo le chéile le gairid. Tá sí thar a bheith spéisiúil agus is cuntas luachmhar eile í ar an gceantar. Ar ndóigh, tá buíochas ag dul do Mhuintearas a d'eagraigh an cúrsa as a dtáinig an foilseachán seo. Le cúnamh Dé, beidh na daoine a bhí ag obair ar an Iris ag tabhairt láimh chúnta don scéim 'Foras Feasa ar Iorras Aithneach' as seo go ceann seacht nó ocht de bhlianta. Teastóidh cúnamh uainn.*

BAILL COISTE

Ní féidir súil a choinneáil ar chuile shórt agus ní locht ar bith é ar Iris Mhná sa bPobal go bhfuil cúpla duine le cois curtha síos don Choiste - Coiste Forbartha Chárna - ar leathanach 34. Tá Máirtín Ó Catháin agus Pádraig Ó Cosgordha ainmnithe i measc na mball. Níl ceachtar acu siúd ar an gCoiste sin anois. D'éirigh Máirtín Ó Catháin as i mí Meithimh agus d'éirigh Pádraig Ó Cosgordha as an gCoiste sin níos deireanaí sa mbliain. Tá Máirtín Ó Catháin ina Chathaoirleach ar Chumann Forbartha Iorras Aithneach anois agus tá Pádraig Ó Cosgordha ina Rúnaí ar Chumann Forbartha Iorras Aithneach.



Cé'n Coalition é seo?
*Ag oscailt an Ionaid Lae i nGinnsge i mí na Bealtaine.*


# Dr. Micheál Ó Cathasaigh

Cárna

| | | |
|---|---|---|
| **IONAD SLÁINTE CHÁRNA:** | **10.00 a.m. - 1.00p.m.** | **Dé Máirt, Dé Céadaoin, Déardaoin, Dé hAoine** |
| **IONAD SLÁINTE CHILL CHIARÁIN:** | **10.00 a.m. - 1.00 p.m.**<br>**3.00 p.m. - 6.00 p.m.** | **Dé Luain**<br>**Déardaoin** |
| **IONAD SLÁINTE AN CHAISIL:** | **3.30 p.m. - 5.00 p.m.** | **Dé Céadaoin** |

*Glacfaidh sé le daoine de réir socruithe roimhré*
*ón 3-6 a chlog i gCárna ar an Luan, an Mháirt, an Chéadaoin agus ar an Aoine*

Uimhreacha Teileafóin
Ionad Sláinte Charna/Baile: (095) 32281/32243/32304/32305
Cill Chiaráin: (095) 33429
Caiseal: (095) 31161

SEIRBHÍSÍ
Comhairle Leighis • Cuairteanna baile • Géar-thástáil ar an gcroí • Scamhóga • fuil • Mion obráidí • Pleanáil chlainne • Tástáil "Allergy" • Seirbhís cógaisí leighis
Instealladh do ghasúir agus do dhaoine a bheadh ag taisteal agus seirbhísí eile.

# ACM ROOFING

**Carna, Conamara.**
**Fón: 095 - 32251   Facs: 095 - 32341**

***Saineolaithe ar Chúrsaí Díonta***

Tá ACM i mbun oibre le ós cionn 20 bliain.
Tá jabanna móra á ndéanamh againn ar fud na tíre.
Bheadh áthas ar **Shéamas Breathnach** comhairle
agus luacháil a thabhairt saor in aisce.

Tá margadh maith againn freisin in Earraí Iarainn
Ráillí, Frámaí, Clós Ceansú Beithígh, Geataí.

| | |
|---|---|
| **An Braon Anuas?** | **Glaoigh Orainn** |
| **Áras gan Ceann?** | **Glaoigh Orainn** |
| **Fráma Cruach Foirgnimh?** | **Glaoigh Orainn** |



# CARROLLS SEAFOOD IRELAND

*Irish Smoked Salmon with a quality and flavour that will bring your customers back for more.*

Our product range includes:
FRESH/FROZEN SALMON
FRESH/FROZEN FILLETS AND STEAKS
SMOKED SALMON
GRAVAD LAX
HOT SMOKED SALMON


Rusheenamanagh, Carna, Co. Galway. Ireland.
TEL: 095 32121 FAX: 095 32126 TLX 50 843 BMT E1

# Cárna agus Cois Fharraige

*Bhí coimhlint mhaith idir Cárna/Caiseal agus Micheál Breathnach i rith na bliana. Tógadh na pictiúir seo ag cluiche sraithe i gCárna.*




*Caoimhín Ó Conghaile (Micheál Breathnach) agus Pádraig Ó Clochartaigh (Cárna) i mbun comhráití!*



*Pádraig Ó Catháin, cúl báire Chárna dá gcur ar an ionsaí agus Seán Ó Loideáin in aice láimhe.*



*Lámha agus cosa – Cárna agus Cois Fharraige.*



*Cárna ar an gcosaint!*




**Na Piarsaigh**


*Ár gcomharsanaí as Ros Muc agus Camus. Ní inniu ná inné a tógadh an pictiúr seo. An aithníonn tú baill na foirne seo?*




*Go hard san aer! Cárna agus Cois Fharraige i mbliana.*




*An fheadóig séidthe? Cárna agus Cois Fharraige.*




*Clúdach an leabhráin speisialta a foilsíodh ag an ócáid do Phat Walsh i mBoston.*




*Clúdach an leabhráin a foilsíodh ag an bhFéile Cheilteach i New Orleans – an áit a ndeachaigh foireann na gcurrachaí a bhuaigh ag Féile Mhic Dara. Sé Danny Ó Flatharta a bhí ina Chathaoirleach ar an gCoiste i New Orleans.*




*Ar cuimhneach libh iad i gCill Chiaráin – Danny Ó Flatharta agus Robin James Jones.*



*Ag ceiliúradh 20 bliain i Raidió na Gaeltachta (ó chlé): Máirtín Mac Donncha agus Máirtín Jamsie.*

# Iorras Aithneach




Bunaithe ar an tSuirbhéireacht Ordonáis le cead an Rialtais (Ceadúnas Uimh. 4921). Arna chló ag an Suirbhéireacht Ordanáis, foilsithe ag Folding Landscapes, Cloch na Rón, Co. na Gaillimhe, Éire. ISBN 0 9504002. © Folding Landscapes, 1992.

Foilsithe le caoinchead Coiscéim

# BANC AONTAS ÉIREANN

## (ALLIED IRISH BANK)

Cébí seirbhís baincéireachta atá uait tug cuairt ar A.I.B.
sa gCearnóg sa gClochán. Tá an bainisteoir, John O Brien
agus a fhoireann sásta chuile chineál seirbhís
bainc a thabhairt duit agus fáilte.

Is acu atá an t-aon tseirbhís sparáin airgid sa mballa i gConamara.
Tá fáil ar an Leas Bhainisteoir, Eileen Moran-Conneely le
Comhairle Airgeadais a chur ar dhaoine ag na huimhreacha

**(095) 21220 *nó* (095) 21129**


chúig lá na seachtaine.

Bíonn Liam Halpin ó Ark Life san A.I.B., Clochán
chuile Chéadaoin. Tá Comhairle Airgeadais saor
in aisce le fáil uaidh.
Déan socrú leis an mBanc romh ré.

I gCárna, bíonn fáil ar Leas Bhainisteoir an A.I.B.,
Eileen Moran-Conneely chuile mhaidin Dé hAoine.

*NÁ TÉIGH THAR DHORAS A.I.B.*
*GAN SEASAMH AR AN URLÁR!*

**A.I.B., An Clochán**
**Fón: (095) 21129/21120**
**Facs: (095) 21895**


Dhá shúil
Dhá chluas
Dhá láimh
Dhá chois...
Dhá theanga
Gan amhras!
Údarás na Gaeltachta